

Tuarascáil Bhliantúil Iarnród Éireann don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024



Córas Iompair Inbhuanaíthe á chur i bhfeidhm do Chách

Clár na nÁbhar

Buaicphointí	1	Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach	43
Ráiteas ón gCathaoirleach	2	Clár Comhardaithe	44
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	4	Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna	45
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile	28	Ráiteas um Shreabhadh Airgid	46
Tuarascáil na Stiúrthóirí	32	Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	47
Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha	40		

Buaicphointí

Líon na nAistear a rinne Paisinéirí

50.7 milliún

Seirbhísí Nua

ar bhealaí lena n-áirítear Béal Feirste, Gaillimh, Port Láirge agus Loch Garman

An Bhearna Phá idir Fir agus Mná

6.29% i bhfabhar na mban

Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

€392.7 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair (agus ioncam OSP san áireamh)

Aonaid Lastais

235,000 trí Eoraphort Ros Láir, an méid is mó riamh

Cistiú Bonneagair faoin gConradh Ilbhliantúil

€292.0 milliún ón Roinn Iompair

Líon na nAistear a rinne Paisinéirí

634,000 trí Eoraphort Ros Láir

Forbairt Inbhuanaitheachta


Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide ullmhaithe

Lastas Iarnróid

68.1 milliún tonachiliméadar

Daoine a Sholáthraíonn an tSeirbhís

5,022 (amhail an 31 Nollaig 2024)



Ráiteas ón gCathaoirleach



Tá sé ríthábhachtach go leanfaimid orainn ag infheistiú agus ag leathnú chun freastal ar riachtanais na hÉireann tráth atá an daonra ag dul i méid agus borradh faoin bhfostaíocht, agus chun freastal ar riachtanais na mbailte agus na gcathracha agus iad ag fás.

D'éirigh go hiontach le hIarnród Éireann le 12 mhí anuas i dtaobh líon na gcustaiméirí a thaistil ar ár seirbhísí, ár gcláir infheistíochta, agus na méideanna lastais a cuireadh trí Eoraphort Ros Láir, i measc nithe eile.

I measc na mbuaicphointí inár gclár infheistíochta caipitil bhí teacht na chéad traenach den fhlít nua ceallra-leictreach don DART+, dhá Ordú Iarnróid don Chlár DART+, agus an obair ar an líne a bheith beagnach críochnaithe ionas gur féidir an líne lastais ó Luimneach go Faing a athoscailt. Chomh maith leis sin, tá dul chun cinn mór déanta sna tionscadail atá ar bun ag Eoraphort Ros Láir, idir Mháistirphlean calafoirt Iarnród Éireann agus tionscadal T7, atá faoi stiúir Oifig na nOibreacha Poiblí.

Bhí dúshlán le sárú againn freisin de bharr borradh mór a bheith faoinár gcuid seirbhísí. Fianaise ar an éileamh ar sheirbhísí traenach is ea an méadú ar mhinicíocht na seirbhísí idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, ionas go bhfuil traenín á rith gach uair an chloig anois, agus an méadú 40% ar líon na bpaisinéirí a tháinig sna sála air sin. Mar sin féin, agus muid ag cur na n-athruithe sin i bhfeidhm i ngréasán a bhí plódaithe cheana féin, bhí deacrachtaí móra againn ar feadh seal ó thaobh na poncúlachta de. Bhí fadhbanna poncúlachta ag custaiméirí rialta ar sheirbhísí comaitéireachta agus ar an DART ó Stáisiún Uí Chonghaile, agus cé gur athraíodh na sceidil chun na fadhbanna sin a réiteach, tá deacrachtaí againn fós ag Stáisiún Uí Chonghaile, áit a bhfuil brú mór ar acmhainneacht an ghréasáin.

Tá sé ríthábhachtach mar sin go leanfaimid orainn ag infheistiú agus ag leathnú agus ag cur tionscadail nua i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais na hÉireann tráth atá an daonra ag dul i méid agus borradh faoin bhfostaíocht, agus chun freastal ar riachtanais na mbailte agus na gcathracha agus iad ag fás.

Chun na críche sin, d'fhoilsigh an Roinn Iompair in Éirinn agus an Roinn Bonneagair i dTuaisceart Éireann an tAthbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin lena chinntiú go bhfuil an creat fadtéarmach is gá i bhfeidhm againn anois ionas gur féidir an gréasán iarnróid a fhorbairt go héifeachtach ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn uile-oileáin.

I dteannta straitéisí an Údaráis Náisiúnta Iompair dár gcathracha móra, tá creat agus cosán soiléir againn anois chun cur le ról an iarnróid i ngréasán iompair inbhuanaithe na hÉireann. Clúdaítear leis sin na cláir infheistíochta atá ar bun faoi láthair, lena n-áirítear DART+, an tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha agus Iarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí, chomh maith leis an líne ceithre rian *Four North* lastuaidh de Stáisiún Uí Chonghaile, an clár leictirithe agus dícharbónaithe CONNECT don ghréasán iarnróid náisiúnta, agus línte nua agus línte athoscailte faoin Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin.

Tá an straitéis 'Iarnród 2050' ullmhaithe ag foireann Iarnród Éireann i gcomhar leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Tá an straitéis 'Iarnród 2050' ullmhaithe ag foireann Iarnród Éireann i gcomhar leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus bhíodar ag obair chun féachaint cad iad na tionscadail tosaíochta lena bhféadfaí dlús a chur leis an obair rí-thábhachtach chun an gréasán a fhorbairt agus a leathnú.

Ní mór próiseas pleanála éifeachtach a bheith ina thaca ag na pleananna sin freisin, próiseas a thacaíonn le soláthar pras bonneagair a mheastar a bheith ríthábhachtach chun spriocanna straitéiseacha náisiúnta a bhaint amach, agus lena dtugtar tús áite don leas coiteann. Thairis sin, ní mór ról sa phróiseas sin a bheith ag pobail agus ag na saoránaigh. Beidh feidhmiú an Ahta um Pleanáil agus Forbairt, 2024 ríthábhachtach ina leith sin.

Chomh maith le feidhmiú an chlár infheistíochta, is príomhthosaíocht don Bhord agus domsa é an fócas straitéiseach ar sheirbhísí sábháilte, poncúla, atá dírithe ar an gcustaiméir. Chuige sin, tá athruithe struchtúracha a mhol an Príomhfheidhmeannach ar an bhfoireann ceannaireachta á gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear Príomhoifigeach Oibriúcháin nua a cheapadh chun soláthar laethúil seirbhísí Iarnród Éireann a threorú.

Ó mhíonna deiridh 2024 go lár 2025, beidh athrú mór ag teacht ar ról ceannaireachta i réimsí beartais, rialála agus soláthair iompair phoiblí na hÉireann, rud a fhágann go bhfuil béim bhreise á cur ar thábhacht na pleanála straitéisí fadtéarmaí.

Ar leibhéal an rialtais, gabhaim buíochas leis an Aire Iompair Darragh O'Brien TD, agus leis na hAirí Stáit sa Roinn Iompair, Sean Canney TD agus Jerry Buttimer TD, agus lena n-oifigigh as an tacaíocht a thugann siad dúinn. Gabhaim buíochas freisin leis an iarAire Iompair, Eamon Ryan as an tacaíocht a thug sé dúinn le linn 2024 agus ar feadh a thréimhse sa phost. Gabhaim buíochas le Anne Graham, a bhíodh ina Príomhfheidhmeannach san Údarás Náisiúnta Iompair, leis an bPríomhfheidhmeannach Gníomhach, Hugh Creegan agus leis an bhfoireann ceannaireachta as a dtacaíocht don chlár infheistíochta caipitil atá againn agus don soláthar seirbhísí.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leo, agus leis na páirtithe leasmhara ar fad, sa tréimhse deich mbliana seo ina bhfuil béim ar chur i bhfeidhm na straitéise.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord agus le foireann iomlán Iarnród Éireann, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh Jim Meade, as a dtiomantas leanúnach do shábháilteacht agus cáilíocht seirbhíse ar mhaithe leis na custaiméirí agus na pobail ar a bhfreastalaímid. Tá an borradh faoin ngníomhaíocht le sonrú i ngach gné den ghnó, agus tháinig méadú ar líon na bhfostaithe san eagraíocht le linn 2024 ionas go raibh breis is 5,000 duine ag obair linn faoi dheireadh na bliana. Gabhaim buíochas le gach duine acu as a ndíograis agus a ndúthracht i dtaobh uaillmhianta na cuideachta a bhaint amach dár gcustaiméirí.

Agus an tuarascáil seo á scríobh, tá tréimhse Jim ina Phríomhfheidhmeannach, agus an obair mhór a rinne sé ina ghairm bheatha 46 bliain – ó phrintíseach go seomra boird – ag teacht chun deiridh. Le linn an ama sin, agus go háirithe ina ról ceannaireachta le seacht mbliana anuas, is é an t-éiteas a bhí aige gur caomhnóirí sócmhainne náisiúnta muid, agus go bhfuil sé de dhualgas orainn an tsócmhainn sin a chur ag aghaidh chuig ár gcomharbaí agus chuig an tír féin agus í i riocht níos fearr ná mar a bhí nuair a ghlac muid freagracht aisti. Níl amhras ar bith ann ach gur éirigh le Jim an cuspóir sin a bhaint amach, agus guímid gach rath air ina ghairm bheatha nuair a bheidh slán fágtha aige le hIarnród Éireann.

Tá mé féin agus an Bord ag tnúth le bheith ag obair le comharba Jim chun dul chun cinn agus forbairt leanúnach na mblianta beaga anuas a chothú agus a luathú.



Steve Murphy
Cathaoirleach

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



I measc na mbuaicphointí bhí teacht na chéad traenach don fhlíit feithiclí DART+, agus tá próisis tástála, choimisiúnaithe agus cheadaithe ar siúl.

Lean an borradh mór faoin éileamh agus rinneadh an-dul chun cinn in 2024 lenár gclár infheistíochta chun athrú ó bhonn a chur faoi deara.

Rinneamar 50.7 milliún aistear paisinéirí, an líon is mó riamh. Cuireadh brú ar an acmhainneacht dá bharr sin, mar sin bhí ríméad orainn gur cuireadh 41 carr iarnróid nua Intercity i mbun seirbhíse i rith na bliana.

Leathnaíodh na seirbhísí ar roinnt bealaí, agus mhéadaigh an t-éileamh a bhí ag na paisinéirí orthu dá réir. Bhí dúshlán ag gabháil leis sin, áfach, agus bhí an plódú ina bhac orainn agus muid ag freastal ar an éileamh ollmhór ag Stáisiún Uí Chonghaile i mBaile Átha Cliath. Fágadh go háirithe cur cuireadh isteach ar ár bhfeidhmíocht i dtaobh na poncúlachta de.

Táimid fós ag infheistiú i ngréasán agus seirbhísí na todhchaí, áfach, agus ag tógáil orthu chun freastal ar an bhfás amach anseo. I measc bhuaicphointí na bliana 2024 bhí an méid seo a leanas:

- Teacht na chéad traenach sa fhlíit feithiclí DART+, agus tá próisis tástála, coimisiúnaithe agus cheadaithe ar siúl ionas go mbeidh sí i mbun seirbhíse in 2026, mar aon le bonneagar luchtaithe i nDroichead Átha
- Fuarthas dhá Ordú Iarnróid don chlár DART+: DART+ an Iarthair go Maigh Nuad/M3 Parkway, agus DART+ an Iardheiscirt go Collchoill, agus cuireadh isteach ar an tríú ceann i gcomhair DART+ an Chósta Thuaidh (Droichead Átha)
- Tá ag éirí go maith le clár Iarnróid Comaitéireachta Cheantar Chorcaí: tá an t-ardán nua ag Stáisiún an Cheanntaigh beagnach críochnaithe, agus tá oibreacha ar siúl ar an rian dúbailte go Mainistir na Corann agus ar chomharthaíocht
- Tá Céim 1 d'athfhorbairt Stáisiún Colbert i Luimneach críochnaithe, tá Stáisiún DART Woodbrook de réir an sceidil le hoscailt i samhradh na bliana 2025, agus tá an obair ar Stáisiún Cheannt na Gaillimhe agus ar Stáisiún Phluincéid i bPort Láirge de réir sceidil le haghaidh 2026
- Tá leagan na rianta don líne lastais nua i bhFaing beagnach críochnaithe, agus tá oibreacha sibhialta eile ag dul ar aghaidh le go dtosófar ar na seirbhísí in 2026
- Tá saoráidí móra nua oscailte do chustaiméirí lastas agus do phaisinéirí mar thoradh ar an obair mhór atá ar bun i Euraphort Ros Láir, agus tá garspriocanna tábhachtacha bainte amach maidir le digitiú an chalafoirt

D'éirigh go geal leis an measúnú sábháilteachta agus baineadh amach leibhéal rannpháirtíochta 64% ina leith.

An tSábháilteacht

In 2024 rinne Iarnród Éireann measúnú ar an gcultúr sábháilteachta ar fud na cuideachta mar thaca don tosaíocht ollmhór atá againn i dtaobh a bheith Sábháilte i gCónaí. Próiseas fada a bhí sa mheasúnú sin a rinne soláthraí seachtrach chun meonta agus dearcaí ár bhfostaithe i leith na sábháilteachta a fháil amach agus iad a thuiscint.

D'éirigh thar cionn leis an bpróiseas sin agus baineadh amach ráta rannpháirtíochta 64% ar fud na cuideachta. Roinneadh torthaí an mheasúnaithe le gach fostaí, agus áiríodh leo na príomhthorthaí seo a leanas:

- Tacaíonn córais láidre bhainistíochta le cultúr sábháilteachta
- Fís láidir sábháilteachta agus bainistíocht inniúlachta
- Cuntasacht maidir le cinnteoireacht, agus róil agus freagrachtaí soiléire

Ó shin i leith, bunaíodh cúig mheitheal chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí feabhsúcháin a luadh, lena n-áirítear tosca cultúrtha a leabú sa dearcadh ar an mbainistíocht sábháilteachta; cumas leathnúcháin a chinntiú; cur chuige córasach a ghlacadh maidir le tionchar na rannóg tacaíochta; léargas a thabhairt d'fhostaithe ar chodanna eile den chuideachta; agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí sábháilteachta.


Tosca Daonna san Imscrúdú ar Theagmhais

Is é is 'Tosca Daonna' ann an disciplín ina ndéantar staidéar ar rudaí a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht an duine. In aon tionscal casta ina bhfuil an tsábháilteacht criticiúil, bíonn cásanna ann ina ndéantar gníomhartha agus cinntí agus a fhaightear amach níos déanaí nárbh iad na cinn chearta iad. In 2024, d'fhorbair IÉ treoirlínte maidir le conas tosca daonna a chuimsiú sna himscrúduithe chun teacht ar thuiscint níos fearr ar na cúiseanna a bhí le cinntí a rinne daoine, chun na tionchair ar fheidhmíocht a shainathint (lena n-áirítear tionchar daoine aonair, tionchar na dtascanna agus na foirne, agus tionchair eagraíochtúla agus shochaíocha) agus moltaí a dhéanamh a d'fhéadfadh cuidiú linn teagmhais dá leithéid a sheachaint amach anseo. Díreofar in 2025 ar an treoir sin agus ar oiliúint faoi thosca daonna a chur ar imscrúdaitheoirí.

Leanamar orainn freisin ag cur béim, sa chóras bainistíochta sábháilteachta, ar an tábhacht a bhaineann le smaoineamh ar thosca daonna agus ar chultúr sábháilteachta le linn imscrúduithe. Tá caighdeán an Ghnóthais Iarnróid tugtha cothrom le dáta chun an méid sin a léiriú agus chun béim níos mó a chur ar fhoghlaim ó theagmhais a tharlaíonn. Tabharfar cothrom le dáta caighdeán an Bhainisteora Bonneagair in 2025. Reáchtáiltear agallaimh le tiománaithe faoi thosca daonna sa ghnáthchúrsa anois nuair a tharlaíonn teagmhais ina ndeachthas thar chomharthaí ar bhealach contúirteach (SPAD), chun teacht ar thuiscint ar a ndearcadh féin agus ar na rudaí a raibh tionchar acu ar a bhfeidhmíocht ag an am, agus cuirtear an fhaisnéis sin san áireamh san imscrúdú. Díritear ar cheachtanna atá le foghlaim, ní hamháin i gcás an duine nó na ndaoine atá i gceist, ach freisin ar leibhéal na rannóige agus ar leibhéal na heagraíochta chun cur le tuiscint an ghnólachta ar an tsábháilteacht. Tá an-bhaint ag an gcur chuige sin lenár dtionscnamh 'Cultúr Cóir', ina leagtar béim ar fhoghlaim seachas ar an milleán a chur ar dhaoine.

Feidhmíocht Sábháilteachta 2024


Líon na dTimpistí ar Chaill Fostaí Am dá mBarr (TCA) (gan an ghné shíceolaíoch san áireamh)



■ Líon na dTimpistí ar Cailleadh Am dá mBarr (Intuairiscithe)
■ Líon na dTimpistí ar Cailleadh Am dá mBarr (Intuairiscithe) / 1,000 Fostaí


Tá méadú 11% tagtha ar líon na TCAanna Fostaithe in 2024, cúig cinn sa bhreis ar 2023. Is iad sciarradh, tuislí agus titim agus teagmhais láimhseála is cúis leis an gcuid is mó de na timpistí ar cailleadh am dá mbarr, agus ní timpistí ró-dhona iadsan ó thaobh tromchúise de.

Neasteagmhas ag Crosaire Comhréidh, Catagóir 1




Laghdú aon teagmhais amháin a tháinig ar líon na Neasteagmhas ag Crosaire Comhréidh, Catagóir 1, i gcomparáid le 2023. Ina ainneoin sin, táimid fós ag díriú go mór ar theagmhais dá leithéid sin agus bímid i dteagmháil go leanúnach le páirtithe leasmhara fúthu, lena n-áirítear úinéirí talún, pobail áitiúla, agus an Garda Síochána. Tá an-chuid acmhainní infheistithe againn chun díriú ar an bhfadhb sin a réiteach, lena n-áirítear rialuithe teicniúla a chur i bhfeidhm ag láithreacha ardriosca agus feachtais amhail laethanta um Fheasacht i leith Crosairí Comhréidhe agus feachtais sna meáin.

Tuairteáil in aghaidh Droichid



Tá laghdú cúig cinn déag (15) tagtha ar líon na gcásanna Tuairteála in aghaidh Droichid i gcomparáid le figiúirí 2023, sin laghdú 16%. Cuireadh i bhfeidhm réitigh theicneolaíocha éagsúla i gceantair ardriosca, agus suiteáil soilse rabhaidh ina measc, agus ba iad na réitigh sin ba chúis leis an gcuid is mó den dul chun cinn sin. Déantar monatóireacht leanúnach ar éifeachtacht na mbeart sin, ionas go gcoinneofar leis an laghdú sin le himeacht ama.


Timpistí a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe (Gortú)



■ Timpistí a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe
■ Timpistí a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe in aghaidh gach Milliúin Aistear Paisinéirí

Méadú 4% ó 2023 atá i gceist, ó 224 go 234. Tá méadú tagtha ar líon na n-aistear paisinéirí freisin – méadú beagnach 10% a bhí i gceist in 2024.


Timpistí a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe (Iad Uile)



■ Timpistí a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe
■ Timpistí a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe in aghaidh gach Milliúin Aistear Paisinéirí

Tá méadú 13% tagtha ar líon na dtimpistí a tharla do chustaiméirí agus tríú páirtí i gcomparáid le 2023, ó 362 go 410. Tháinig méadú beagnach 10% ar líon na n-aistear paisinéirí in 2024, agus tháinig méadú beag ar líon na dtimpistí in aghaidh an mhilliúin aistear paisinéirí.


Timpistí idir Traein agus Ardán a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe (Gortú)



■ Timpistí idir Traein agus Ardán a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe
■ Timpistí idir Traein agus Ardán a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe in aghaidh gach Milliúin Aistear Paisinéirí

Tháinig laghdú 17% ar fhigiúirí 2023 i dtaobh líon na ngortuithe a tharla, ó 65 go 54. Is treocht dhearfach anuas é sin agus é á chur san áireamh gur tháinig méadú beagnach 10% ar líon na n-aistear paisinéirí in 2024.


Iompraíocht Fhrithshóisialta



■ Iompraíocht Fhrithshóisialta (Intuairiscithe)
■ Iompraíocht Fhrithshóisialta in aghaidh gach Milliúin Aistear Paisinéirí

Tháinig méadú 49% ar líon na dteagmhais intuairiscithe in 2024. Méadaíodh líon na bpatról slándála agus cuireadh leis na bearta braite agus leis na hidirghabhálacha ag na príomhstáisiúin, rud a chuir le líon na gcásanna a taifeadh. Tá grúpa monatóireachta nua bunaithe, faoi cheannas Phríomh-Oifig Slándála Iarnród Éireann, agus tá 12 Mhol Mhearfheagartha de chuid an Gharda Síochána ag feidhmiú anois ar fud ghréasán Intercity ar fhaitíos go dtarlódh trioblóid arb iad paisinéirí is cúis léi. Fágann na Moil sin, i gcomhar leis an Seomra Rialaithe Slándála don DART agus don limistéar Comaitéireachta, gur féidir le fostaithe Iarnród Éireann teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na Gardaí chun déileáil le cásanna iompraíochta frithshóisialta.

Cásanna ina ndeachthas Thar Chomhartha ar Bhealach Contúirteach (TCCanna)



Ní raibh aon athrú ar líon na TCCanna ó 2023 go 2024. Tá Speisialtóir Gnéithe Daonna Iarnród Éireann fós ag comhoibriú le tiománaithe agus bainisteoirí chun réimsí feabhsúcháin a aithint agus chun cabhrú le hanailís a dhéanamh ar threochtaí i dtaobh cásanna TCC. Tá oiliúint/athoiliúint agus athbhreithniú leanúnach ar siúl. Is díol suntais é go bhfuil líon mór daoine earcaithe chuig grád an tiománaí le tamall de bhlianta anuas, ach gur cosúil nach raibh drochthionchar aige sin ar líon na gcásanna. Tá súil ghéar á coinneáil air sin, áfach, chun aon fhadhbanna a aithint.

Infheistíochtaí Caipitiúla

Rinneadh dul chun cinn in 2024 maidir le príomhthionscadail éagsúla Infheistíochta Caipitiúla, agus fágfaidh siadsan go bhfeabhsófar an soláthar seirbhíse dár gcustaiméirí agus go spreagfar aistriú níos mó chuig seirbhísí iompair phoiblí, rud a dhaingneoidh an seasamh atá againn mar phríomhsholáthraí seirbhísí iompair inbhuanaithe in Éirinn. Faoi na tionscadail sin, déanfar éascaíocht don fhorbairt inbhuanaithe agus don nascacht ar bhealaí comaitéireachta agus ar bhealaí réigiúnacha.

I gcomhréir le straitéis forbartha Iarnród Éireann agus leis na moltaí a dhéantar san Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin, tá foirne bunaithe i gcomhair na dtionscadal tábhachtach seo a leanas agus tá siad ag obair ar Chéim 1 a chur i bhfeidhm – Líne na hUaimhe, Four North, CONNECT agus Feabhsuithe ar Acmhainneacht Líne na Gaillimhe.

An Clár DART+:

Fuarthas Orduithe Iarnróid i gcomhair DART+ an Iarthair agus DART+ an Iardheiscirt in 2024 agus tá iarratas á chur isteach ar Ordú Iarnróid don iosta nua. Tá doiciméid tairisceana a n-ullmhú i leith an dá thionscadal sin anois chun tacú le tús na céime soláthair le linn 2025. Cuireadh isteach an t-iarratas ar Ordú Iarnróid DART+ an Chósta Thuaidh i mí Iúil 2024, agus an tréimhse comhairliúcháin reachtúil dúnta.

Tá obair ar siúl maidir le Céim 2 (Coincheap an Tionscadail, Féidearthacht agus Roghnú) de DART+ an Chósta Theas a fhorbairt agus comhairliúcháin phoiblí a ullmhú faoin tionscadal le linn 2025.

Tá obair mhór ar siúl i nDroichead Átha ionas gur féidir na traenacha cealla-leictreacha a chur i mbun seirbhíse.

Tháinig an chéad Traein Cheallra-Leictreach Ilaonaid (BEMU) chomh fada le hInse Chór i mí Dheireadh Fómhair 2024 ó mhonarcha Alstom in Katowice na Polainne. Cuireadh tús láithreach le clár fairsing chun í a thástáil agus a choimisiúnú agus leanfar leis an obair sin ar feadh 2025. Meastar go dtosófar ag rith traenacha ceallra-leictreacha do phaisinéirí in 2026, nuair a gheofar ceadú rialála.

Críochnaíodh an obair chun uasghrádú a dhéanamh ar Cheardlann na Vaiginí ag Oibreacha Inse Chór ionas go mbeidh sí ina príomhshaoráid tástála agus choimisiúnaithe don Fhlít DART+, agus tógfar foirgneamh nua d'insamhlóirí tiománaithe don fhlít le linn 2025.

Flít nua – Carranna Iarnróid Intercity:

Tosaíodh ag baint úsáid as an bhflít nua Intercity – 41 carr iarnróid breise (carráistí lárnacha) – do phaisinéirí i mí an Mhárta 2024 agus bhí siad go léir in úsáid faoi Dheireadh Fómhair 2024, rud a chur le hacmhainneacht na seirbhíse. Ba é Hyundai Rotem a mhonaraigh na carranna iarnróid sin sa Chóiré Theas.

An tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha:

Is ag Stáisiún Heuston a bheidh an tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha agus tógfaidh sé áit an ionaid rialaithe tráchta atá i Stáisiún Uí Chonghaile anois. Leis an tsaoráid nua sin, déanfar bainistíocht shábháilte, éifeachtach ar thrácht iarnróid in aon láthair amháin agus freastalófar ar leathnú na seirbhíse amach anseo.

Leanadh ar aghaidh in 2024 le forbairt bogearraí i gcomhair Chóras Bainistíochta Tráchta an Ionaid Náisiúnta Rialaithe Traenacha (an córas lena mbainisteofar an trácht iarnróid nuair a bheidh an tIonad ag feidhmiú), agus tosófar ar an tástáil agus ar an gcoimisiúnú go luath in 2025. Tá sé beartaithe go dtosóidh an tIonad nua ag rialú an ghréasáin iarnróid de réir a chéile, ón gceathrú ráithe de 2025 ar aghaidh. Meastar go mbeidh an córas iomlán i bhfeidhm san Ionad go luath in 2027.

Iarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí:

Rinneadh dul chun cinn mór nuair a tugadh chun críche Clár Iarnróid Comaitéireachta Cheantar Chorcaí in 2024. Faoi Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais Eorpaigh (EURRF) a rinneadh na trí thionscadal sin a chistiú agus is ag an gcéim thógála atá siad anois. Tá na príomhoibreacha críochnaithe sa tionscadal chun ardán a chur trí Stáisiún an Cheanntaigh agus táthar ag obair ar an tionscadal chun Comharthaíocht agus Cumarsáid a uasghrádú, agus ar an tionscadal chun rian dúbailte a leagan idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann. Tá sé i gceist an obair sin a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2026.

Ina theannta sin, tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an gclár foriomlán lena n-áirítear ocht stáisiún nua, iosta nua d'fheithiclí, leictirí ar ghréasán Chorcaí agus flít leictreach nua, agus tá an Comhairleoir Ildisciplíneach Dearaidh ag cuidiú leis an dearadh tosaigh agus le fáil na gceadanna reachtúla.



Athfhorbairt ar Stáisiún Cheannt na Gaillimhe:

Tá an tionscadal seo á chistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí atá ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Faoi tionscadal, cuirfear feabhas ar eispéireas na bpaisinéirí sa stáisiún agus comhtháthófar an stáisiún leis an bhforbraíocht nua atá beartaithe ó dheas, feabhsófar an comhtháthú idir seirbhísí bus agus seirbhísí iarnróid, agus éascófar do mhéadú acmhainneachta amach anseo. Dámhadh an príomhchonradh tógála sa cheathrú ráithe de 2023, agus cuireadh tús ceart leis na hoibreacha láithreáin go luath in 2024. Tá ag éirí go maith leis na hoibreacha tógála agus tá an tionscadal fós de réir sceidil le bheith críochnaithe i mí Lúnasa 2026.

Athchóiriú ar Stáisiún Colbert – Céim 1:

Áirítear leis an tionscadal seo saoráid nua faoi dhíon ina mbeidh 20 bá bus faoi dhíon, oifigí ticéad inrochtana nua, oifigí foirne, aonaid mhiondíola agus leithris, chomh maith le hoibreacha chun athchóiriú a dhéanamh ar na saoráidí atá ann cheana féin. Osclaíodh na bána bus nua don phobal i mí Eanáir 2024. Críochnaíodh oifigí na foirne, na haonaid mhiondíola agus na leithris sa dara ráithe de 2024.

An Córas Cosanta Traenach – Droichead Átha go dtí na Clocha Liatha:

Tá tionscadal an Chórais Cosanta Traenach (CCT) idir Droichead Átha agus na Clocha Liatha á chur i bhfeidhm mar réiteach Leibhéal 1 faoin gcóras Eorpach um Rialú Traenach (ETCS). Dhá shruth oibre atá i gceist: Taobh Riain agus Ar Bord. Críochnaíodh ag suiteáil agus ag tástáil an bhonneagair taoibh riain ETCS sa cheathrú ráithe de 2024.

Is éard atá i gceist leis an sruth oibre ar bord ná dearadh agus feistiú Innill Díosail (DMU) d'Aicme 22000 le trealamh ETCS, agus le linn 2024 baineadh leas as an inneall sin chun tástáil dhinimiciúil a dhéanamh ar an mbonneagar nua ETCS cois riain. Is go luath in 2025 a chuirfear isteach na hiarratais atá riachtanach chun ceadú sábháilteachta a fháil le haghaidh údarú chun an córas ETCS a chur i mbun seirbhíse, chun tacú leis an gclár tástála ar an bhflít BEMU don DART+.

Stáisiún Woodbrook:

Dámhadh an príomhchonradh chun stáisiún nua DART Woodbrook (idir Seanchill agus Bré) a thógáil sa cheathrú ráithe de 2023 agus rinneadh dul chun cinn maith leis an obair sin ar feadh 2024. Tá sé fós beartaithe an stáisiún a oscailt i samhradh na bliana 2025.

Stáisiún na Ciseoige:

Ba sa tríú ráithe de 2023 a cuireadh tús leis na hoibreacha chun athchóiriú a dhéanamh ar Stáisiún na Ciseoige agus osclaíodh an stáisiún do phaisinéirí i mí Lúnasa 2024.

An Líne Lastais ó Luimneach go Faing:

Faoi dheireadh na bliana, bhí an rian iomlán nua 42 km leagtha síos ar líne lastais Fainge agus tá roinnt de na droichid athchóirithe agus cinn nua tógtha. Rinneadh dul chun cinn maith leis na hoibreacha sibhialta eile go léir freisin. Leanfar leis na hoibreacha in 2025 chun crosairí comhréidhe CCTV a chur in ionad crosairí comhréidhe atá ann cheana. Tá sé beartaithe an líne a athoscailt do thrácht iarnróid in 2026.

Cás-Staidéar: Athfhorbairt ar Stáisiún Cheannt

Is é atá i gceist leis an athfhorbairt feabhsú agus nuachóiriú a dhéanamh ar Stáisiún Cheannt trí dhíon gloine nua a chur air, síneadh a chur as an tslí dhála agus saoráidí nua a chur ar fáil do phaisinéirí, agus comhtháthú feabhsaithe a dhéanamh ar na seirbhísí bus agus iarnróid ag an stáisiún, rud a chuideoidh linn cur leis na seirbhísí do phaisinéirí amach anseo toisc gur cúig ardán a bheidh ann in ionad dhá cheann, mar atá faoi láthair. Thairis sin, déanfar an stáisiún a chomhtháthú le forbraíocht atá beartaithe ag tríú páirtí ó dheas ón stáisiún agus feabhsófar an rochtain ar an tslí dhála.



Tosaíodh ar an obair thógála ar an láthair i mí Eanáir 2024 agus tá Ardáin 3, 4 agus 5 beagnach tógtha anois. Tiocfaidh an chéad cheann de na trusanna dín nua chomh fada linn in earrach na bliana 2025 agus beidh sé suiteáilte faoin samhradh. Tá sé beartaithe go dtosófar ar ghloiniú an dín i mí an Mhárta 2025 agus go mbeidh an obair sin críochnaithe faoi Dheireadh Fómhair 2025.

Bhí an stáisiún fós in úsáid le linn na n-oibreacha tógála, i gcomhar le foireann oibríochtaí an stáisiúin, agus muid ag baint úsáid as Ardáin 1 agus 2 atá ann cheana féin, agus tá na paisinéirí á n-atreorú trí bhealach isteach sealadach chuig Ardán 2 agus ag imeacht as an stáisiún trí Ardán 1.

Chuathas i gcomhairle ar bhonn leanúnach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, rud a chuidigh linn a chinntiú go gcuirfí isteach ar dhaoine a laghad ab fhéidir, go háirithe i dtaobh an óstáin béal dorais.

Meastar go dtosódh na conraitheoirí ar na hoibreacha tógála ar an tslí dhála thuaidh i mí Aibreáin 2025, rud atá chun tosaigh ar an sceideal.

Tá sé leagtha amach go mbeidh an tionscadal críochnaithe i mí Lúnasa 2026, i gcomhréir leis an gclár oibre.


Roinnt figiúirí tábhachtacha a bhaineann leis an tionscadal

- Píopaí draenála i gcomhair uisce dromchla agus bréanuisce: 1,972 méadar líneach (gan cainéil ACO san áireamh)
- L-aonaid coincréite réamhthteilgthe i gcomhair dheireadh na n-ardán: 41
- Z-aonaid coincréite réamhthteilgthe i gcomhair imill na n-ardán: 316
- Cóipeálacha coincréite réamhthteilgthe i gcomhair imill na n-ardán: 316
- Toirt coincréite in situ ar fud an láithreáin: 2,351m³ (gan na heilimintí réamhdhéanta a luaitear thuas san áireamh)
- Barraí cruach treisiúcháin ar fud an láithreáin: 295 tona, arb ionann é agus 330,843 méadar líneach (bunaithe ar threisiúchán díreach 12mm ag 0.89 Kg/m)
- Líontán cruach treisiúcháin ar fud an láithreáin: 11 489 m² nó 71 tona
- Dromchla asfailt: 1,321m² nó 258m³ (bunaithe ar dhoimhneacht 195mm)
- Trusanna dín le suiteáil i gcomhair an phríomh-halla traenach: 29 trus
- Os cionn 143 tona meáchain atá sna príomheilimintí struchtúracha cruach i gcomhair dhíon an halla traenach (lena n-áirítear trusanna, teanntáin, etc. do phríomhpháirteanna an dín amháin)
- Gloine i gcomhair dhíon an halla traenach: 2,834m²

Ár gCustaiméirí

An Líon Aistear Paisinéirí is Airde Riamh

Taifeadadh an líon aistear paisinéirí is airde riamh in 2024, an chéad bhliain inar sháraigh Iarnród Éireann an leibhéal aistear paisinéirí a rinneamar roimh phaindéim COVID. Bhí 50.7m aistear i gceist san iomlán, méadú 10% i gcomparáid le 2023.



Baineadh amach an buaicphointe i dtaobh líon na n-aistear paisinéirí fiú agus an t-éileamh ar an DART agus na seirbhísí Comaitéireachta fós ag teacht chuige féin tar éis COVID sa dara leath den bhliain, rud a léiríonn gur féidir coinne a bheith againn le fás leanúnach.

Cuireadh oibríochtaí móra ar bun arís i gcás imeachtaí ar nós ceolchoirmeacha móra agus na gCraobhchomórta Uile-Éireann chun tacú leis na daoine a bhí i láthair. Bhí idir fostaithe ag na stáisiúin, Oifigigh um Chosaint Ioncaim, foirne imeachtaí um Eispéireas na gCustaiméirí agus lucht bainistíochta ag obair chun freastal ar himeachtaí móra sin lena chinntiú go mbeadh gach duine slán sábháilte agus gur éirigh le custaiméirí dul chuig na himeachtaí agus ar ais abhaile gan stró.

Bhí ár bpáirtithe leasmhara seachtracha, amhail na Gardaí agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, ag obair i ndlúthpháirt lenár bhfoirne ar an láthair freisin chun soláthar láidir seirbhíse a chinntiú.

Tháinig méadú mór ar an éileamh ar an DART agus ar sheirbhísí comaitéireachta sa cheathrú ráithe agus tosaíodh ag sárú líon na n-aistear a rinneadh ar an DART agus ar na seirbhísí comaitéireachta in 2019, cé go bhfuil iomlán na bliana fós beagán sna sála ar 2019. Seo a leanas mar a bhí cúrsaí ag deireadh na bliana.

Líon na nAistear (milliúin)	2019	2023	2024	+/- 2024 vs 2019
Intercity	13.1	12.6	14.1	+7.3%
DART	21.6	19.9	21.3	-1.1%
Seirbhísí Coimaitéir-eachta	15.4	13.6	15.3	-0.7%
IOMLÁN	50.1	46.1	50.7	+1.2%

Réamhaisnéis Éilimh 2025

Measann an chuideachta go dtiocfaidh méadú 10% eile ar a hacmhainneacht in 2025 de bharr an éilimh bhunúsach ar sheirbhísí comaitéireachta agus idirghabhálacha bainistíochta ioncaim.

Tá fianaise ag teacht chun cinn nach bhfuil obair hibrídeach agus obair chianda chomh leabaithe agus a measadh a bhí siad agus seans go gcuirfear béim arís ar bheartais i dtaobh a bheith ag obair san oifig féin.

Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar líon na ndaoine atá fostaithe sa tír i gcomparáid leis an tréimhse roimh an bpaindéim. Sa tríú ráithe de 2024 bhí 2.785m duine fostaithe i gcomparáid le 2.334m sa tríú ráithe de 2019, sin méadú 19% ([figiúirí ón bPríomhoifig Staidrimh](#)).

Anuas ar an mborradh faoin éileamh ar sheirbhísí Intercity, tá 75% de na custaiméirí ag déanamh áirithintí ar líne i gcomhair na seirbhísí sin anois.

Ina theannta sin, toisc mhór ó thaobh acmhainneachta de ar bhealaí Thrá Lí, na Gaillimhe agus Phort Láirge is ea go ndéantar an suíochán céanna a chur in áirithe cúpla uair ar aon aistear amháin (Port Láirge go Cill Chainnigh, ansin Cill Chainnigh go Baile Átha Cliath ar an aistear traenach céanna). Mar thoradh air sin, tá méadú suas le 250% tagtha ar thosca ualaigh áirithintí ar roinnt bealaí ag amanna.

Feabhas ar na Seirbhísí do Chustaiméirí

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh ag díriú ar fheabhas a chur ar eispéireas na gCustaiméirí in 2024 agus luaitear thíos roinnt de na príomhbhearta a cuireadh i bhfeidhm.

Oiliúint maidir le hEispéireas na gCustaiméirí

Bhain beagnach 1,500 fostaí leas as oiliúint i dtaobh Eispéireas na gCustaiméirí, oiliúint a dearadh go sonrach do dhaoine a dhéanann freastal díreach ar chustaiméirí agus do na foirne tacaíochta.

Lárionad Glaonna an Údaráis Náisiúnta Iompair

Sa cheathrú ráithe de 2024, aistríodh foireann túsline Iarnród Éireann um thacaíocht do chustaiméirí go dtí Lárionad Glaonna an Údaráis Náisiúnta Iompair. I gcás custaiméirí a dhéanfaidh teagmháil le hIarnród Éireann le haiseolas, is amhlaidh anois gur leis an Lárionad sin a bheidh siad ag plé, agus rachaidh foireann an Lárionaid i gcomhairle le hIarnród Éireann sula bhfillfidh siad ar an gcustaiméir le freagra. Bhíomar ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair le linn na tréimhse tosaigh, agus de réir mar a thiocfaidh an Lárionad chun cinn beidh na custaiméirí go léir a úsáideann seirbhísí iompair phoiblí in ann leas a bhaint as pointe teagmhála aonair a bheidh in ann déileáil lena gcuid ceisteanna go léir.

Athruithe ar an Tráthchlár

I mí Lúnasa 2024, thug Iarnród Éireann isteach tráthchlár nua chun freastal ar an éileamh ó phríomhdheighleoga custaiméirí.

Bhí deacrachtaí móra oibríochtúla ann ar dtús agus b'éigean an tráthchlár a leasú ionas go mbeadh na traenacha in am arís. Tá dúshlán ann fós ó thaobh freastal ar an éileamh toisc go mbíonn an gréasán plódaithe le linn bhuaicthréimhsí an lae. Rinneadh athruithe ar an tráthchlár i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair chun déileáil le roinnt fadhbanna a bhí ag na custaiméirí, agus tá gach gné den fheidhmíocht ó thaobh na poncúlachta de faoi réir monatóireacht leanúnach.

D'éirigh thar cionn le roinnt tionscnamh. Mar gheall ar na seirbhísí breise a cuireadh le bealaí Phort Láirge, na Gaillimhe agus Bhéal Feirste, tháinig fás láithreach ar líon na n-aistear a rinneadh ar na línte sin. Nuair a thugadh isteach an tseirbhís idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, tháinig feabhas mór ar an tseirbhís do chomaitéirí Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha, agus chuir na custaiméirí an-fháilte roimh na hathruithe sin.

Inrochtaineacht

Tá an rochtain ar ár seirbhísí do na custaiméirí a bhfuil riachtanais bhreise acu fós ina gné lárnach dár n-iarachtaí chun feabhas a chur ar eispéireas na gcustaiméirí. Thugamar cúnamh do 51,975 custaiméir, sin méadú 13% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Sheolamar 1,800 pacáiste céadfach chuig custaiméirí a d'iarr a leithéid, chun cuidiú leo taisteal linn.

Rinneadh bearta éagsúla chun an inrochtaineacht a fheabhsú, agus oiliúint, próisis agus feabhsú stáisiún ina measc.

Rinneadh na feabhsuithe seo a leanas i dtaobh na hoiliúna.

- Síníodh conradh oiliúna inrochtaineachta le Vision Ireland, faoina mbaintear leas as an Ionad um Aimsiú Slí
- Cuireadh oiliúint i dtaobh titimis ar foireann an DART
- Cuireadh treoirthionscadal maidir le feasacht ar néaltrú i bhfeidhm d'fhoireann Chorcaí
- Cuireadh tús le hoiliúint i dtaobh Teanga Chomharthaíochta do bhaill foirne a chuireann seirbhís ar fáil do chustaiméirí ar na traenacha.

Rinneadh na feabhsuithe seo a leanas i dtaobh Stáisiún agus Próiseas

- Laghdaíodh go dtí uair an chloig an tréimhse fógra roimh ré i ndáil le cúnamh a fháil ag 13 príomhstáisiún
- Osclaíodh ár dtríú leithreas faoin scéim Changing Places ag Stáisiún Colbert i mí an Mheithimh 2024
- Rinneadh iniúchtaí ag 10 stáisiún chun an rochtain do dhaoine scothaosta a fheabhsú.



Na hAonaid Gnó Tráchtála

Eoraphort Ros Láir

Coinníodh leis an treocht láidir fáis i Eoraphort Ros Láir in 2024, agus baineadh amach buaicphointí nua maidir le trácht lastais agus trácht paisinéirí. Láimhseáladh níos mó aonad lastais ná riamh sa chalafort, breis agus 235,000 aonad. Sin méadú +7% bliain ar bhliain agus buaicphointe is ea é don chalafort i mbliain féilire. Cé go raibh líon foriomlán na bpaisinéirí ar aon dul le 2023 mar gheall ar an laghdú ar líon na dturasóirí ón Ríocht Aontaithe, tháinig méadú +17% ar líon na bpaisinéirí ó mhór-roinn na hEorpa, an líon cuairteoirí ba mhó riamh ón limistéar sin.

Bhí acmhainneacht na soitheach fós ag leathnú i rith na bliana, agus longa agus seirbhísí nua á dtabhairt isteach. Chuir Brittany Ferries seirbhís sheachtainiúil le bealach Cherbourg sa chéad ráithe. Chuir Stena Line soitheach móracmhainne, an MV Stena Nordica, in áit an MV Stena Europe, rud a chuir leis an acmhainneacht i gcás lastais agus paisinéirí araon ar an mbealach chuig an Ríocht Aontaithe. Cé gur laghdaigh Stena Line líon na seirbhísí go Cherbourg na Fraince, chuir Brittany Ferries seirbhísí nua ar bun agus neartaíodh seasamh Eoraphort Ros Láir mar phríomhchalafort na hÉireann i ndáil le lastas Eorpach.

Chomh maith leis sin, rinneadh an infheistíocht bhonneagair is mó riamh sa chalafort in 2024, agus bhí tionscadail forbartha dar luach breis agus €200 milliún ar bun. Áiríodh ina measc sin mol lóistíochta den scoth, saoráidí feabhsaithe custaim agus teorann agus an chéad chéim eile den obair chun digitú a dhéanamh ar an gcalafort.

Osclaíodh saoráidí úrscothacha in Eoraphort Ros Láir chun lastas agus paisinéirí a sheiceáil isteach agus críochnaíodh an t-athchóiriú agus an leathnú ar limistéir na leantóirí. Tá an calafort ar an mbóthar ceart fós chun bheith ar an gceann is forbartha san Eoraip ó thaobh na teicneolaíochta cliste de, agus tá réitigh cheannródaíocha á n-úsáid chun oibríochtaí a chuíchóiriú, éifeachtúlacht a fheabhsú agus cur le heispéireas na gcustaiméirí.

Leanadh ar aghaidh ag dearadh agus ag tógáil an chéad mhoil fuinnimh in-athnuaite ilchuimsithigh amach ón gcósta in Éirinn. Táthar ag feitheamh ar Cheadú Limistéir Mhuirí (MAC) don tionscadal. Nuair a bheidh an ceadú sin faighte, tosófar ar iarratas pleanála. Meastar gur sa chéad ráithe de 2025 a tharlóidh sé sin agus go dtosófar ar an tógáil amach in 2026.

Lastas Iarnróid

Faoin straitéis uailmhianach atá againn i leith lastas iarnróid, sheol Iarnród Éireann dhá sheirbhís lastais nua i mí Mheán Fómhair, idir Calafort Bhaile Átha Cliath agus Béal an Átha. Tá sé i gceist leis an tionscnamh sin freastal ar an mborradh atá faoin éileamh ar roghanna iompair éifeachtúla, atá

neamhdhíobhálach don chomhshaol. Is é International Warehousing and Transport (IWT) a oibríonn na seirbhísí sin, agus leas á bhaint aige as 12 vaigín póca athchóirithe atá deartha chun acmhainneacht a mhéadú agus cumais iompair a bharrfheabhsú, tráth atá Iarnród Éireann ag ullmhú chun cur lena fhlít chun freastal ar an éileamh a bheidh ar a sheirbhísí amach anseo. Cuirfear 12 vaigín póca eile, atá á n-athchóiriú faoi láthair, i mbun seirbhíse sa dara ráithe de 2025, chun freastal ar an mborradh faoin éileamh ar sheirbhísí lastais. Chomh maith leis sin, in 2024, cuireadh go mór le líon na gcoimeádán a iompraíodh ar thraenacha XPO ó Bhéal an Átha go Calafort Phort Láirge. Is méadú 1/3 ar an meán atá i gceist i gcomparáid le 2023.

Fuarthas cistiú ó CIÉ in 2024 chun 150 vaigín lastais nua a cheannach. A bhuí leis an infheistíocht sin, beidh ar chumas Iarnród Éireann a sheirbhísí a leathnú agus freastal ar na riachtanais a bheidh ag custaiméirí lastais. Cuirfear na vaigíní nua i mbun seirbhíse in 2027.

I gcomhréir leis an Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin a foilsíodh in 2024, d'fhorbair Iarnród Éireann fis don fhadtréimhse chun feabhas a chur ar an mbonneagar lastais iarnróid atá ceangailte le calafoirt mhóra agus moil intíre, chun na bealaí trádála a fheabhsú. Ceapadh foireann ildisciplíneach in 2024 chun an straitéis iarnróid a fhorbairt, leanadh leis na hoibreacha chun an líne idir Sionainn agus Faing a athoscailt agus cuireadh tús le hoibreacha tógála ag an bPort Thuaidh i gcomhpháirtíocht le Cuideachta Chalafort Bhaile Átha Cliath chun críochfort lastais sealadach a fhorbairt.

Gnó Navigator

Lean Gnó Navigator ag fás go seasta agus soláthraíodh seirbhís leanúnach den scoth dá chustaiméirí páirteanna gluaisteán. In ainneoin na ndúshlán a bhain le dúnadh sealadach Chalafort Caergybi i mí na Nollag, baineadh amach feidhmíocht fhoriomlán 98.88% ó thaobh earraí a sheachadadh in am in 2024.



Cúrsaí Airgeadais

Ba é toradh foriomlán na bliana glanchaillteanas airgeadais €0.4m tar éis cánach (2023: barrachas €7.5m) agus Glansócmhainní €53.7m (2023: €54.1m). Léiríonn easnamh na bliana 2024 an tionchar a bhí ag an gcaiteachas méadaithe ar chothabháil i rith na bliana, brabús réasúnta faoi chonradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus an glantoradh dearfach ar fud na ngníomhaíochtaí tráchtála.

Tá IÉ fós ag feidhmiú faoi ollchonradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Faigheann IÉ ioncam OSP as ucht seirbhísí a sholáthar faoi théarmaí an chonartha. Aithnítear an t-ioncam sin ón gconradh i ráiteas ioncain IÉ. Suim €392.7m a bhí i gceist in 2024.

B'ionann an t-ioncam iomlán ó oibríochtaí i leith na bliana agus €77.7m (2023: €72.2m). Tháinig laghdú €0.9m ar an ioncam i leith Lastas Iarnróid ionas gur €3.7m (2023: €4.6m) a bhí i gceist don bhliain, rud a léiríonn tionchar na bliana iomláine ó dúnadh Mianaigh na Teamhrach in 2023. Tháinig méadú €1.0m ar an ioncam ó Eoraphort Ros Láir go €15.9m (2023 €14.9m), mar gheall ar an bhfás leanúnach ar thrácht paisinéirí agus trácht lastais. Tháinig méadú €5.4m ar an ioncam eile sa bhliain go €58.1m (2023: €52.7m). Tharla an méadú mar gheall ar ioncam tríú páirtí níos airde €10.7m ó oibreacha thar ceann comhairlí contae agus €0.5m a bhaineann le hioncam Navigator, de bharr éileamh níos mó a bheith ar a sheirbhísí siúd. Tá sé sin á fhritháireamh ag laghdú €5.8m ar ioncam ó réadmhaoin. Is é an toisc is mó is cúis leis an laghdú bliain ar bhliain ar ioncam ó réadmhaoin ná gnóthachan aonuaire €10.3m in 2023. Murach an gnóthachan aonuaire sin, méadú €4.5m a bheadh tagtha ar an ioncam bunúsach ó réadmhaoin i leith na bliana.

Caiteachas párolla €336.0m (2023: €315.9m) a tabhaíodh, sin méadú €20.1m i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ba é an phríomhchúis a bhí leis sin gur cuireadh i bhfeidhm den tríú bliain as a chéile beart pá na bliana 2022 agus gur tháinig méadú ar an meánlíon fostaithe go 4,814 duine (2023: 4,559). Bhí na méaduithe sin i gceist ar fud na heagraíochta chun freastal ar an méadú ar sheirbhísí paisinéirí agus chun tionscadail chaipitil nua agus oibreacha cothabhála a chur i bhfeidhm ar fud an ghréasáin. Costais oibriúcháin eile €322.1m (2023: €303.6m) a tabhaíodh, sin méadú €18.5m i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí an méadú sin bunaithe den chuid is mó ar an ardú €14.6m ar phraghsanna breosla, agus €10.4m ar ghníomhaíochtaí cothabhála agus oibriúcháin, arna bhfritháireamh ag creidmheas glan €6.5m i leith na bliana ar rátaí. Baineann an creidmheas glan sin leis na hOrduithe Cinnidh a rinne an Binse Luachála an 6 Márta 2024 chun leasú a dhéanamh ar na deimhnithe luachála a eisíodh roimhe sin i leith 2015 agus 2020, a raibh ríomh na rátaí a bhíonn le hóc bunaithe orthu.

I gcomparáid le 2023, tháinig méadú €57.4m ar an méid iomlán a fuarthas ón státchiste go €967.6m (2023: €910.2m). Fuarthas cistiú €291.9m ón Roinn Iompair in 2024 faoin

gConradh Ilbhliantúil Bonneagair (2023: €281.5m). Sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú €389.4m (2023: €345.2m) i leith na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí chun seirbhísí paisinéirí a chur ar fáil. Fuarthas cistiú caipitil iomlán €43.7m (2023: €42.4m) i leith na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí le haghaidh cothabháil throm a dhéanamh ar an rothstoc. Chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair €236.1m (2023: €204.2m) ar fáil do thionscadail chaipitil. Fuarthas €5.8m eile ón Státchiste i leith na bliana agus bhain €2.7m de sin le cosaint cósta, €1.5m le tobhaigh chomhairle, agus €1.4m le straitéis i leith an fhlíit agus seirbhísí do phaisinéirí. Baineann an tsum €0.2m eile le cistiú a fuarthas faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le haghaidh infheistíocht chaipitil i seirbhísí iarnróid uile-oileáin.

Úsáideadh suim airgid €2.8m (2023: €55.9m) i leith na bliana (gan maoiniú i measc na gcuideachtaí féin san áireamh). Eascaíonn an t-athrú sin as glaneasnamh agus caiteachas caipitiúil níos airde, arna bhfritháireamh ag caiteachas caipitil oibre níos ísle agus ag an laghdú ar an gcostas dímhéasa. Dá dtarlódh cúlú geilleagrach nó dá ngearraí siar ar an méid a thagann ón státchiste, d'fhéadfadh sé sin dul i bhfeidhm go mór ar an glár comhardaithe.

In 2024, rinne Iarnród Éireann caillteanas trádála €1.0m (2023: €2.0m) tar éis cánach. Is féidir caillteanais trádála a dhéantar i mbliain áirithe a úsáid chun an dliteanas cánach a eascraíonn as brabúis chíos a laghdú. Bhain Iarnród Éireann leas as an gcaillteanas sin agus an muirear cánach i leith na bliana á ríomh.

Ba é an brabús cíosa i leith na bliana ná €7.7m (2023: €6.2m). Fuarthas ioncam úis comhlán €1.0m (2023: €1.5m) i leith na bliana. Breacadh muirear cánach €2.1m sa chuntas brabúis agus caillteanais i leith na bliana.

Costais Chomhairleoireachta

De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, leagtar amach sa tábla thíos na costais chomhairleoireachta a thabhaigh an chuideachta in 2024 atá san áireamh sna costais oibriúcháin agus na costais eile (féach Nóta 6). An méadú ar chostais chothabhála agus athnuachana, is le tionscadail chaipitil go príomha a bhaineann sé.

	2024 €'000	2023 €'000
Cothabháil agus Athnuachan	24,946	16,722
Gnéithe Oibriúcháin agus Eile	914	490
Córais Paisinéirí	–	–
Straitéis agus Dearadh na hEagraíochta	913	214
Ollchostais Chomhairleoireachta	26,773	17,426
Costais chaipitlithe	(24,824)	(16,546)
Glanchostais Chomhairleoireachta	1,949	880

Ár nGréasán

Rinneadh infheistíocht sna rianta agus sna sócmhainní struchtúracha ar fud an ghréasáin in 2024. Bhí sé sin ríthábhachtach chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus cáilíocht ár mbonneagair chun na seirbhísí a oibriú agus chun leasa ár gcustaiméirí. I measc na n-oibreacha móra a rinneadh bhí athnuachan iomlán ar bhonneagar na rianta idir Stáisiún Uí Chonghaile agus Stáisiún an Phiarsaigh, an chuid den líne is mó trácht sa ghréasán. San obair athnuachana sin, a rinneadh faoi Nollaig, baineadh leas as ábhair inbhuanaithe ardchaighdeán, a mhairfidh níos mó ná 40 bliain.

Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar na rianta ar bhealaí eile ar fud an ghréasáin freisin, agus línte Chorcaí, Shligigh, Bhéal Feirste agus na Gaillimhe san áireamh, agus rinneadh uasghrádú agus athnuachan den sórt céanna ar na droichid agus na sócmhainní struchtúracha eile ar fud an ghréasáin freisin.

I measc na n-éachtaí móra eile fuarthas réidh le 11 chrosaire comhréidh a oibríodh de lámh, cuireadh feabhas ar 12 chrosaire comhréidh eile le réitigh theicneolaíocha, cuireadh clár feabhsúcháin cúig bliana i gcrích do na hardaitheoirí agus na staighrí beo ag na stáisiúin agus rinneadh uasghrádú agus athnuachan ar bhonneagar na bhfoirgneamh ar fud an ghréasáin.

I gcás cuid de na dúshláin a bhí romhainn, ba iad an t-athrú aeráide agus imeachtaí adhairsire ba chúis leo, rud a d'fhág go raibh obair dheisiúcháin agus athnuachan mhór le déanamh ar shócmhainní éagsúla i rith na bliana. Leis na cláir athnuachana sin, bhí an deis againn cur le seasmhacht fhoriomlán ár sócmhainní sna réimsí sin trí aschuir athnuachana a bhaint amach a raibh réitigh níos inbhuanaithe i gceist leo maidir le sábháilteacht agus iontaofacht fhoriomlán na sócmhainní. Le linn 2024, faoin tionscadal um Athnuachan na Línte Lasnairde, rinneadh athnuachan ar bheagán faoi bhun 40 km den chábla agus ar an mbonneagar tacaíochta gaolmhar, mar chuid de straitéis cothabhála coiscthí lena chinntiú go bhfuil an bonneagar oiriúnach dá fheidhm. Rinneadh oibreacha breise ar na línte lasnairde i gcomhair an stáisiúin nua in Woodbrook freisin. Ba í 2024 an bhliain dheireanach de chonradh cúig bliana chun athnuachan a dhéanamh ar na línte lasnairde. Cuireadh tús le conradh nua ocht mbliana um Chothabháil, Deisiú agus Athnuachan Línte Lasnairde ar an 13 Samhain 2024, agus cuirfear tús le hoibreacha láithreáin sa chéad ráithe de 2025.

Leanadh ar aghaidh in 2024 le próiseas soláthair chun Córas Idirnasctha Ríomhbhunaithe (CBI) atá nua-aimseartha, réidh don todhchaí agus a oireann dá fheidhm a chur in ionad na gcórais idirnasctha atá ann cheana. Faoi gconradh sin, clúdaítear soláthar agus tacaíocht i leith córas CBI nua ar feadh a shaolré iomláine lena n-áirítear na comhéadain fheidhmeacha, oibríochtúla agus theicniúla go léir ar feadh 25 bliana. Bhí caibidlíocht réamhchonartha ar siúl ag deireadh 2024 agus tá sé beartaithe againn na conarthaí sin a dhámhachtain sa chéad ráithe de 2025.

Athsholáthar an Líonra Teileachumarsáide Oibriúcháin: Tá córais tarchuir Iarnród Éireann ag dul in éag agus tá Malartú Lipéad Ilphrótacail – Próifíl Iompair (MPLS-TP) á gcur ina n-áit, gan cur isteach ar na seirbhísí traenach. Le MPLS-TP, tá leagan nua á shuiteáil den Líonra SDH/PDH, atá deartha le haghaidh Teileachumarsáid Oibriúcháin i nGléasraí Cumhachta agus Iarnróid agus a chuirtear i bhfeidhm ar fud chórais iarnróid na hEorpa. Tá thart ar 92% de na nóid a theastaíonn chun tacú le hoibriú an Ionaid Náisiúnta Rialaithe Traenacha suiteáilte, agus tá 56% acu coimisiúnaithe sa chaoi agus go bhfuil siad réidh i gcomhair seirbhíse. Ar an iomlán, beartaítear athnuachan a dhéanamh ar thart ar 500 nód faoin gclár oibre.

Athnuachan ar Chórais Faisnéise do Chustaiméirí (CIS): Suiteáladh Taispeántais Faisnéise do Phaisinéirí i Mala, Port Láirge, Bré agus ag naoi stáisiún ar Líne Shligigh; rinneadh oibreacha CCTV ag na hocht stáisiún a sainaitníodh lena aghaidh sin in 2024 ar fud an ghréasáin; rinneadh tuilleadh athnuachana ar chórais faisnéise do chustaiméirí ag láithreacha éagsúla lena n-áirítear an Córas Fógraí Poiblí i gCeatharlach agus sa Mhuileann gCearr agus pointí cabhrach ar fud an ghréasáin. Suiteáladh Taispeántais Faisnéise do Phaisinéirí, Córais Fógraí Poiblí, CCTV agus Pointí Cabhrach i Stáisiún Luimnigh agus Stáisiún na Ciseoige chun tacú leis na hathchóirithe.

Bhunaigh Signalling Electrical and Telecomms (SET) Ionad Forbartha Teicniúla i nDurlas agus ó bhí 2006 ann tá cúrsaí forbartha teicniúla á múineadh ansin ag teagascóirí ó chuideachtaí príobháideacha atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. Chun freastal ar riachtanais an ghnó agus ar athruithe sa mhargadh, beidh ar SET cúrsa inmheánach san fhorbairt theicniúla a ullmhú anois agus tá earcaíocht ar bun chuige sin. Críochnaíodh an obair ar bhuansaoráid nua do chúrsaí SET maidir le Forbairt Printíseach in 2024 agus cuireadh tús leis na cúrsaí sin sa cheathrú ráithe den bhliain. Tá leathnú á dhéanamh ar an gclár sin anois ionas go mbeidh rannáin faoi Theileachumarsáid agus Leictirí san áireamh ann in 2025.



**Tá sé ina sprioc
againn a bheith inár
gcnámh droma ag
gréasán iompair
inbhuanaithe na
hÉireann.**

Inbhuanaitheacht

Ba é 2024 an chéad bhliain iomlán inar cuireadh i bhfeidhm Straitéis Inbhuanaitheachta athbheithnithe Iarnród Éireann, ‘Sustainability in Motion’, lena gcuimsítear gealltanais chomhshaoil, shóisialta, eacnamaíocha agus rialachais. Ag tógáil air sin dúinn, rinneadh an straitéis a neartú tuilleadh le spriocanna nua atá dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil agus inbhuanaitheacht shóisialta araon a chur chun cinn. I mbliana, thugamar isteach straitéisí atá dírithe go sonrach ar an Oiriúnú don Athrú Aeráide, ar Bhainistíocht Dramhaíola agus ar an nGeilleagar Ciorclach, chomh maith le laghdú astaíochtaí scóip a trí.

Mar aitheantas ar ár dtiomantas don fhorbairt inbhuanaithe, tá Iarnród Éireann tar éis dul chun cinn ó bheith

ina Churadh i leith na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe go dtí a bheith ina Ambasadóir i leith na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in 2024. Fágann an ról sin gur féidir linn leanúint de thionscnaimh atá ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, agus muid ag tarraingt ar an saineolas agus na líonraí atá againn chun dul chun cinn breise a dhéanamh.

Ina theannta sin, bronnadh dhá ghradam mór le rá ar ár bhFoireann Inbhuanaitheachta ag Gradaim Cheannaireachta na hÉireann um an Athrú Aeráide, mar aitheantas ar ár ngnóthachtálacha i dtaobh Straitéis Inbhuanaitheachta agus Tionscnaimh um an nGeilleagar Ciorclach.

Fuinneamh agus Dícharbónú Foriomlán

Tháinig méadú **6.4%** ar an méid iomlán fuinnimh a ídíodh in 2024 i gcomparáid le 2023. Is é an phríomhchúis le breis fuinnimh a bheith á ídiú (>90%) ná méadú a bheith tagtha ar an méid díosail a dhóitear sna traenacha mar gheall ar 41 carráiste Intercity nua a bheith ann agus an méadú ar mhinicíocht na seirbhísí Enterprise idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Tá sé sin i gcomhréir le réamh-mheastacháin faoi Phlean Gníomhaíochta Aeráide na cuideachta, lenar tuaradh go dtiocfadh méadú ar an méid fuinnimh a ídítear sula dtiocfadh laghdú air de bharr an chláir DART+ agus tionscnaimh dhícharbónaithe eile. Ídíodh níos mó leictreachais agus gáis sna hiostaí mar gheall ar an méadú a tháinig ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla, cothabhála agus coimisiúnaithe de bharr rothstoc nua a bheith faighte againn.

Fuinneamh (kWh)	2022	2023	2024	% Athraitheas	
Fuinneamh teirmeach (Gás nádúrtha)	7,956,481	8,677,722	10,822,721		24.7%
Díosal Mharcáilte Iompair Iarnróid	450,920,204	444,860,141	468,800,937		5.4%
Bithbhreoslaí Iompair Iarnróid	911,141	20,954,432	28,632,041		36.6%
Leictreachas DART Iompair Iarnróid	26,034,043	26,102,797	26,589,377		1.9%
Díosal bóthair (Iontaise)	12,959,646	13,704,290	11,841,572		-13.6%
Peitreal (Iontaise)	614,989	1,568,829	1,919,207		22.3%
Sócmhainní Seasta Allmhairí Leictreachais	33,908,495	33,477,799	35,679,888		6.6%
Luchtú feithiclí leictreacha lasmuigh den láthair	0	0	53,817		
Ídiú Fuinnimh iomlán	533,304,999	549,346,010	584,339,560		6.4%
Paisinéirí M km	1,731	2,235	2,486		11.2%
Ídiú Fuinnimh iomlán MWh in aghaidh 10k km Paisinéara	3.08	2.46	2.35		-4.4%
Traenacha M km	18.24	18.76	19.41		3.5%
Ídiú Fuinnimh iomlán MWh in aghaidh 100 km Traenach	2.92	2.93	3.01		2.8%
Astaíochtaí CO ₂ (kgCO ₂)	2022	2023	2024	% Athraitheas	
Fuinneamh teirmeach (Gás nádúrtha)	1,629,018	1,776,685	2,215,856		24.7%
Díosal Iompair Iarnróid	118,983,413	117,384,356	123,701,566		5.4%
Leictreachas DART Iompair Iarnróid	8,528,388	7,217,162	6,796,131		-5.8%
Bithbhreoslaí Iompair Iarnróid	-	-	-		-
Peitreal Bóthair	154,889	395,119	483,364		22.3%
Díosal bóthair (lena n-áirítear comhpháirt iontaise de bithbhreosla)	3,419,636	3,616,124	3,124,612		-13.6%
Sócmhainní Seasta Allmhairí Leictreachais	11,107,948	9,256,277	9,119,627		-1.5%
Luchtú feithiclí leictreacha lasmuigh den láthair	-	-	13,755		
Iomlán	143,823,291	139,645,723	145,454,911		4.2%

Inbhuanaitheacht *ar lean*

Méadú **4.2%** atá tagtha ar na hastaíochtaí iomlána **CO²** in 2024 i gcomparáid le 2023. (Tabhair faoi deara gur fachtóir astaíochta carbóin nialasach atá ag bithbhreoslaí).

Díosal i gcomhair Tarraingthe (B0 agus B7):

Méadú **5.4%** atá tagtha ar an méid díosail a dhóitear ar na seirbhísí iarnróid (breosla iontaise) agus tá méadú **36.6%** tagtha ar an méid iomlán bithbhreosla a úsáidtear ó tugadh isteach bithbhreosla B7 le 3 bliana anuas.

Lean an méadú ar líon na gciliméadar a thaistil paisinéirí ar sheirbhísí díosail: méadú **11.2%** a bhí i gceist ansin i gcomparáid le 2024.

Tháinig méadú breise **3.5%** ar líon na gciliméadar a chlúdaigh na traenacha mar gheall ar mhinicíocht mhéadaithe ar bhealaí áirithe agus mar gheall ar rothstoc nua a bheith in úsáid.

An DART:

Tá méadú beag **1.9%** tagtha ar an méid leictreachais a d'ídigh an DART i gcomhair tarraingthe in 2024 i gcomparáid le figiúr na bliana 2023 agus tá méadú breise **7%** tagtha ar líon na gciliméadar a thaistil paisinéirí ar an DART.

Leictreachas

Tháinig méadú **6.6%** ar an méid leictreachais a ídíodh le haghaidh sócmhainní seasta in 2024.

Gás

Tháinig méadú breis is **24.7%** ar an méid gáis a ídíodh in 2024 mar gheall ar an úsáid mhéadaithe a baineadh as an lonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha, nasc gáis nua ag Stáisiún Mhála, soláthairtí gáis a bheith á gcur ar fáil d'Iosta Luimnigh arís, méadú ar ghníomhaíochtaí cothabhála in iostaí iarnróid agus méadú ar an méid gáis a úsáidtear sna hoibríochtaí ag oifigí agus stáisiúin.

Dícharbónú: Bearta a Rinneadh in 2024

- **DART+:** Rinneadh Traein a hAon, traein cheallra-leictreach, a sheachadadh go hÉirinn i mí na Samhna 2024 agus tá tús curtha leis an tástáil statach uirthi.
- **Athchumhachtú carranna iarnróid Intercity/DMU:** Críochnaíodh an mheastóireacht i dtaobh comhairleoir a cheapadh chun roghanna Cáis Gnó a fhorbairt maidir leis na carranna iarnróid Intercity 22000 (tras-seoladh athchóirithe **nó** Inneall chéim V **nó** réiteach lánhibrideach) agus maidir leis an bhflít Comaitéireachta DMU 29000 (Tras-seoladh agus inneall gineadóra).
- **Rafta chéim 5 don fhlít carranna iarnróid Intercity:** Feidhmiú iomlán an 41 charr iarnróid Intercity nua atá feistithe leis an bpacáiste cumhachta atá i gcomhréir le céim 5.



- **Comhpháirteanna hibrídeacha agus pacáistí ceallraí:** Tá an seith traenach 63 Intercity á thiontú go tiomáint hibrídeach agus cuireadh tús leis an tástáil tosaigh uirthi sa cheathrú ráithe de 2024. Beidh toradh an staidéir sin ina bhonn eolais don Chás Gnó maidir le hathchumhachtú a dhéanamh ar na traenacha Intercity, a luaitear thuas.
- **Comhaontú Corparáideach um Cheannach Cumhachta:** Tá próiseas an cheistneora réamhcháilithe tugtha i gcrích. I gcás ceanglais reachtúla, ceanglaítear ar Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ an conradh díorthach a fhorghníomhú thar ceann IÉ. Tá IÉ ag fanacht faoi láthair le toradh an athbhreithnithe atá ar bun ag CIÉ.
- **Grianphainéil ar Dhíonta::** Reáchtáladh an próiseas tairisceana i ndáil le creatchonraitheoir a cheapadh chun grianphainéil a shuiteáil ar dhíon 3 losta Cothabhála (Droichead Átha, Port Laoise agus an tSeid Chothabhála).
- **Bithbhreoslaí:** Leanadh ar aghaidh ag úsáid bithbhreosla (glanmhéid **6.1%**) ar fud fhliht IÉ in 2024.
- **Bithbhreosla HVO:** Cuireadh tús le hoibreacha ag losta Chorcaí le haghaidh triail inseirbhíse a bhaint as bithbhreosla san fhliht 2600 atá lonnaithe i gCorcaigh. Tá torthaí na trialach sin le teacht i Meán Fómhair 2025 agus cuirfidh siad bonn eolas faoin straitéis maidir le bithbhreosla HVO a úsáid amach anseo ar fud an fhliht ar fad.
- **Hidrigin:** Seachadadh comhpháirteanna innill mar ullmhúchán do thástáil innill 071 sorcóra aonair ar an mbanc ualaigh sa chéad ráithe de 2025.

Rialachas

Bainistíocht Inbhuanaitheachta

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh lena chlár coistí inbhuanaitheachta in 2024, lena n-áirítear ionadaithe ó rannóga tábhachtacha a bheith ag freastal ar chruinnithe míosúla an Choiste um Inbhuanaitheacht Comhshaoil agus Inbhuanaitheacht Shóisialta. Déantar athbhreithniú ar an socrú/coigeartú spriocanna agus tomhas ar an dul chun cinn ar fud na cuideachta ag na cruinnithe sin.

Tá Iarnród Éireann fós ag comhoibriú le CIÉ, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath chun tacú le tionscnaimh inbhuanaitheachta agus chun tuairisciú a dhéanamh faoi chreataí inbhuanaitheachta éagsúla.

An Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD)

Agus an spriocdháta don Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) ag teannadh go gasta linn, d'fhostaigh Iarnród Éireann Ernst & Young (EY) chun treochlár a réiteach ina leagtar amach na céimeanna ullmhúcháin is gá chun ceanglais na treorach a chomhlíonadh faoi Eanáir 2026. Beidh an tuarascáil sho-iniúchta deiridh don treoir sin á hullmhú ag CIÉ thar ceann na gCuideachtaí Oibriúcháin agus tá EY fostaithe acu siúd chomh maith. Tá an-chuid mionsonraí ag teastáil i gcomhair na tuarascála, mar sin beidh an réamhobair a rinne EY d'Iarnród Éireann san áireamh sa tuarascáil chomhdhlúite ó CIÉ.

Cuid lárnach den phróiseas sin is ea ár dtionchair, ár rioscaí agus ár ndeiseanna a shainaitheint ar fud gnéithe comhshaoil agus sóisialta éagsúla, lena n-áirítear an slabhra luacha. Ní mór dúinn measúnú ábharthachta dúbailte a dhéanamh freisin lena chinneadh cé na hábhair a chuimsítear sa treoir is ábhartha dár gnó.

Ina theannta sin, beidh ceanglais tacsanomaíochta an Aontais le cuimsiú inár dtuairisciú airgeadais. Áirítear leis na ceanglais a shonrú cén cion de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe agus nach bhfuil incháilithe de réir na tacsanomaíochta, agus cén cion de na gníomhaíochtaí incháilithe atá ailínithe agus nach bhfuil ailínithe leis an tacsanomaíocht. Beidh sé sin bunaithe ar ioncam, ar chaiteachas caipitil agus ar chaiteachas oibríochtúil ar fud na sé chuspóir comhshaoil mar a leagtar amach iad i dtacsanomaíocht an Aontais.

Beidh obair fhairsing agus cúnamh ó gach rannóg sa chuideachta de dhíth chun tuairisciú faoin dá chreat sin. Tá Iarnród Éireann meáite ar na próisis riachtanacha a bhunú chun sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu i rith 2025, agus muid á chinntiú go mbeimid lánnullamh chun tuairisciú a dhéanamh in 2026.

Cosaint agus Feabhsú an Chomhshaoil

Baineadh amach athdheimhniú i leith ISO14001 don **Rannóg Cothabhála Traenach** in 2024. Suiteáladh Boscaí Neadaireachta do na Pócáirí Gaoithe agus tosófar ag déanamh monatóireacht orthu in 2025. Tosaíodh ag cur fáilta sceach agus crainn dhúchasacha ar an bpríomhfhaiche ag Oibreacha Inse Chór i mí na Nollag 2024 agus leanfar leis an obair sin go dtí earrach na bliana 2025.

Chomh maith leis sin, tá roinnt tionscadail dhea-shainithe bunaithe ag an rannóg, a bhfuil spriocdhátaí socraithe agus cistiú tiomnaithe leagtha amach ina leith, chun tacú le tionscnaimh thábhachtacha inbhuanaitheachta, lena n-áirítear laghdú dramhaíola, caomhnú uisce, agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh atá le cur i gcrích faoi 2025. Tá na tionscnaimh sin ag teacht leis na cuspóirí inbhuanaitheachta níos leithne atá ag Iarnród Éireann agus cuireann siad le tiomantas na cuideachta do chosaint agus feabhsú leanúnach an chomhshaoil.

Inbhuanaitheacht *ar lean*

Léirigh an **Rannóg Cothabhála Rianta** díograis mhór i leith na maoirseachta ar an gcomhshaoil in 2024, agus rinneadh an-dul chun cinn maidir le tionscnaimh éagsúla. Tá an deimhniúchán i leith ISO 14001 á choinneáil cothrom le dáta, rud a leagann béim ar an tiomantas atá againn do dhianbhainistíocht a dhéanamh ar an gcomhshaoil. Cinntítear le hiniúcháin inmheánacha faoi ISO 14001 go bhfuil an caighdeán sin á chomhlíonadh go leanúnach

Feabhsaíodh an bhitheagsúlacht tríd an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí, agus leanadh ag cur plandaí a chuidíonn le pailneoirí, ag suiteáil óstáin feithidí, agus ag cur boscaí neadaireachta i roinnt stáisiún agus campún de chuid IÉ ar fud an ghréasáin. Cuireadh córas réamhscagtha i leith an chomhshaoil i bhfeidhm do thionscadail nua.

Ghlac an rannóg ról réamhghníomhach san oiriúnú don athrú aeráide: chuir sí scagthástáil ar thionchar i gcrích agus d'ullmhaigh sí treochlár le haghaidh measúnú riosca láidir atá ailínithe le treoirlínte náisiúnta agus le riachtanais IÉ. Cinntear leis an tionscnamh sin go gcuirtear bearta seasmachta san áireamh chun an t-iarnród a chosaint ar dhúshláin aeráide amach anseo.

Nearthaíodh an saineolas atá againn ar chrainn a bhainistiú nuair a thacaigh Speisialtóir Comhshaoil leis an gcothromaíocht idir sábháilteacht iarnróid agus caomhnú crann, agus déantar suirbhé ar na crainn ar fud an ghréasáin chun crainn ghuaiseacha a shainaithint ar bhonn réamhghníomhach. Rinneadh monatóireacht straitéiseach ar thorann i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i Luimneach i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Torann Timpeallachta. Chomh maith leis sin, chuir an Rannóg Cothabhála Rianta leis an bhfeasacht ar bhreithnithe inbhuanaitheachta comhshaoil maidir le cothabháil rianta ag imeacht an Ghníomhaire Taighde Iompair (TRA) i mí Aibreáin 2024.

Ó thaobh Oibríochtaí de, tá Córas Bainistíochta Comhshaoil á chur i gcrích lena gcuimseofar seirbhísí paisinéirí agus soláthar seirbhísí. Faoin gcóras cuimsitheach sin, beidh creat struchtúrtha againn chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil, í a bhainistiú agus a fheabhsú ar fud na rannóige oibríochta. Tá an córas á fhorbairt i gcomhréir le Caighdeán Chóras Bainistíochta Comhshaoil na hEagraíochta Caighdeán Idirnáisiúnta agus déanfar dianiniúchadh deimhniúcháin air in 2025. Leis an iniúchadh sin, cinnteofar go gcloífidh Iarnród Éireann le hardchaighdeán i leith an chomhshaoil agus go gcuirfear cleachtais inbhuanaithe chun cinn sa rannóg.

Acmhainní i dtaobh Inbhuanaitheacht Comhshaoil

Nearthaíodh Foireann Comhshaoil an Ghnóthais Iarnróid nuair a ceapadh beirt chéimithe comhshaoil chun dul ag obair léi. Tacóidh na ról seo leis an gCóras Oibríochtaí agus an Córas Bainistíochta Comhshaoil sa Rannóg Cothabhála chun maoirseacht ar an gcomhshaoil a chur chun cinn, comhlíonadh rialála a chinntiú, agus cur le cleachtais inbhuanaithe.

Ina theannta sin, cuireadh le cumais chomhshaoil na Rannóige Cothabhála Rianta nuair a ceapadh crann-eolaí chun bheith ag obair i gcomhar leis an bhfoireann éiceolaíochta inmheánach. Leis an gcomhoibriú sin, cuirfear leis an gcumas atá ag Iarnród Éireann i dtaobh an bhitheagsúlachta a chosaint agus a chur chun cinn feadh an ghréasáin iarnróid. Déanfaidh an fhoireann iniúchadh ar chleachtais inbhuanaithe maidir le fásra a bhainistiú agus athchóiriú a dhéanamh ar ghnáthóga, agus tabharfaidh sí faoi tionscnaimh chun an éiceolaíocht a chaomhnú, agus í ag féachaint chuige go gcuideoidh na hoibríochtaí iarnróid le spriocanna na hÉireann a bhaint amach i dtaobh an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta.

Dramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach

Rinne Iarnród Éireann athchúrsáil ar 54% dá dhramhaíl ghinearálta in 2024, sin feabhas 3% ó 2023. Sheol an chuideachta a Straitéis um Bainistíocht Dramhaíola agus an Geilleagar Ciorclach in 2024. Creat struchtúrtha atá i gceist chun prionsabail an Gheilleagair Chiorclaigh a chomhtháthú sna hoibríochtaí gnó. Tá an creat sin dírithe ar phríomhghnéithe an Gheilleagair Chiorclaigh (dramhaíl, athmhachnamh, laghdú, athúsáid, deisiú, athchóiriú, athmhonarú, athearraíocht, athchúrsáil agus aisghabháil). Treoir phraiticiúil don fhoireann is ea an straitéis sin, lena chinntiú go dtabharfar aird ar bhreithnithe inbhuanaitheachta sna cinntí soláthair agus sna gníomhaíochtaí laethúla ar fud na cuideachta.

Rapair ar na Boscaí Bruscair ar na hArdáin

In 2024, glacadh na chéad chéimeanna faoi chlár chun feabhas a chur ar dheighilt na dramhaíola a ghineann paisinéirí. Cuireadh rapair ar na boscaí bruscair sna stáisiún mhóra, agus leagadh amach a leath i gcomhair dramhaíl in-athchúrsáilte amháin. Fágann an beart sin go mbeidh na paisinéirí in ann athchúrsáil a dhéanamh agus iad ag taisteal linn, agus tháinig méadú 3% ar ráta athchúrsála IÉ in 2024 dá bharr.

'Deisiú' sa Chothabháil a Dhéantar ar na Traenacha

Mar chuid dár dtiomantas do bhainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní, tá leathnú eile déanta againn ar ár gCeardlann Deisiúcháin i nDroichead Átha, a bhfuil ról ríthábhachtach aici maidir le deisiú agus athchóiriú a dhéanamh ar pháirteanna traenach sa chuideachta féin. Ní hamháin go sábhálann an tionscnamh sin suim mhór airgid ar an gcuideachta — na milliúin euro in



aghaidh na bliana — ach laghdaíonn sé astaíochtaí carbóin freisin trí chur le saolré na bpáirteanna agus trí íoslaghdú a dhéanamh ar an ngá atá le déantúsaíocht nua agus iompar fad-achair. Tá an cur chuige sin ag teacht le prionsabal deisiúcháin an gheilleagair chiorclaigh, rud a laghdaíonn an úsáid a bhaintear as ábhair úrnua, a bharrfheabhsaíonn úsáid acmhainní, agus a laghdaíonn dramhaíl.

Rannpháirtíocht leis an bPobal agus Athúsáid

In 2024, leathnaíomar ár gclár rannpháirtíochta leis an bpobal chun treisiú a dhéanamh ar phrionsabail na hathúsáide, ceann de phrionsabail lárnacha an gheilleagair chiorclaigh, agus muid ag tacú le pobail áitiúla agus idirnáisiúnta ag an am céanna. I measc na dtionscnamh sin bhí siad seo a leanas:

- Tionscadail Athchúrsála White Rabbit – Táimid ag tabhairt dramhaíl adhmaid ghlan agus ábhair in-athúsáidte eile do White Rabbit, eagraíocht a úsáideann na hábhair sin arís i ngairdíní céadfacha agus spásanna a oireann do dhaoine a bhfuil uathachas orthu, chomh maith le leabharlanna do leanaí a dhéanamh níos tarraingtí agus níos idirghníomhaí.
- Frontline Bikes – In 2024, bhíomar ag obair i bpáirt le Frontline Bikes, tionscnamh a thacaíonn le daoine atá ag imeacht as an gcóras ceartais choiriúil agus leo siúd atá ag teacht chucu féin ón andúil. Tugaimid rothair a tréigeadh ag na stáisiúin traenach don eagraíocht sin, agus déantar iad a athchóiriú faoi chlár oiliúna scileanna struchtúrtha. Cuirtear clinicí teiripe agus seirbhísí cúraim leanaí ar fáil do rannpháirtithe freisin faoin tionscnamh céanna. Díoltar rothair dheisithe ar phraghsanna réasúnta, rud a chuireann an t-iompar inbhuanaithe chun cinn, agus tugtar go leor eile acu do phobail atá faoi mhíbhuntáiste.
- Misneach Ukraine – I mí na Nollag 2024, bhronnamar dhá chliathbhosca de threalamh garchabhrach oscailte ónár seirbhísí traenach chun tacú le hiarrachtaí leighis ar an líne thosaigh san Úcráin. Cé gur gá na boscaí trealaimh sin a dhiúscairt má osclaítear iad, bíonn bindealáin agus plástair nár úsáideadh fós iontu, agus iad pacáistithe astu féin. Is féidir an-úsáid a bhaint astu sin le haghaidh cúram leighis éigeandála i láithreacha coinbhleachta.
- Tionscadail Sheid na bhFear – Leanfaimid orainn ag comhoibriú le grúpaí áitiúla Sheid na bhFear, ag tabhairt miotal agus adhmaid glan dóibh chun troscán don ghairdín agus boscaí neadaireachta a dhéanamh astu agus i gcomhair tionscadail phobail eile. Leis sin, cuidítear leis an inbhuanaitheacht comhshaoil agus le folláine an phobail, forbraítear scileanna agus cothaítear an rannpháirtíocht shóisialta.

Trí phrionsabail an Gheilleagair Chiorclaigh a leabú inár n-oibríochtaí agus inár n-iarrachtaí rannpháirtíochta leis an bpobal araon, tá Iarnród Éireann ag obair go gníomhach chun dramhaíl a laghdú, ag cur na hathúsáide chun cinn, agus ag tacú leis an gcuimsiú sóisialta. Mar a luadh, aithníodh ár ról mar cheannaire sa Gheilleagar Ciorclach ag Gradaim Cheannaireachta na hÉireann um an Athrú Aeráide in 2024.

An Soláthar Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn

In 2024, rinne Rannóg Soláthair Iarnród Éireann dul chun cinn mór lena straitéis soláthair inbhuanaithe nuair a ceapadh Bainisteoir um Fheidhmíocht Soláthraithe. Tá an ról nuabhuanaithe sin dírithe ar an inbhuanaitheacht a

Inbhuanaitheacht *ar lean*

fheabhsú ar fud an tslabhra soláthair, agus a chinntiú go mbeidh breithnithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais leabaithe sna cleachtais soláthair.

Tá Iarnród Éireann i measc bhunaitheoirí Scoil Inbhuanaitheachta an tSlabhra Soláthair agus tá sé ag obair chun tacú le huasoiliúint a chur ar chomhpháirtithe sa slabhra soláthair, go háirithe iad siúd a bhíonn ag feidhmiú sa timpeallacht thógtha. Trí urraíocht airgeadais, cinntíonn Iarnród Éireann gur féidir le conraitheoirí agus díoltóirí tabhairt faoin oiliúint inbhuanaitheachta gan aon chostas a bheith orthu féin. Clúdaíonn an oiliúint réimse leathan ábhar ríthábhachtach a bhaineann leis an inbhuanaitheacht, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, eitic ghnó, éagsúlacht i measc soláthraithe, agus an bhithéagsúlacht. Go dtí seo, ghlac 206 soláthraí páirt sa chlár ceannródaíoch sin.

Spreagann Iarnród Éireann a bhaill foirne féin chun páirt a ghlacadh i gcláir oiliúna na scoile. Chuige sin, sheol an Fhoireann Inbhuanaitheachta comórtas inmheánach, agus bronnadh duaiseanna bunaithe ar rátaí

clárúcháin, measúnuithe a dhéanamh, agus líon na gcúrsaí a críochnaíodh. D'éirigh go geal leis an tionscnamh sin, agus beidh comórtas den sórt céanna á reáchtáil do sholáthraithe in earrach na bliana 2025, rud a spreagfaidh rannpháirtíocht agus comhroinnt eolais ar fud an tslabhra soláthair.

Tacú le Laghdú Carbóin Trí Áireamhán CIF

Rinne Iarnród Éireann infheistíocht in Áireamhán Carbóin CIF in 2024 freisin. Is seirbhís eile é sin a chuireann Scoil Inbhuanaitheachta an tSlabhra Soláthair ar fáil. Is ardán chun astaíochtaí a rianú é sin, chun cabhrú le soláthraithe a lorg carbóin a thomhas agus a bhainistiú. Trí chostas na síntiús bliantúil a chlúdach, cuireann Iarnród Éireann rochtain saor in aisce ar an uirlis sin ar fáil dá sholáthraithe, rud a neartaíonn a thiomantas do dhícharbónú an tslabhra soláthair agus a thacaíonn le soláthraithe le rannpháirtíocht réamhghníomhach agus le hoiliúint.


Trí phrionsabail inbhuanaitheachta a chomhtháthú sa soláthar, san oiliúint agus sa rianú a dhéantar ar astaíochtaí,

leanann Iarnród Éireann ag taispeáint an bhealaigh chun slabhra soláthair ísealcharbóin a chothú agus cur lena sheasmhacht agus lena leibhéal freagrachta.

Bainistíocht Uisce

In 2024, d'éirigh le Iarnród Éireann an méid uisce a úsáideann sé a laghdú faoi 15% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Rinneadh amhlaidh trí thionscnaimh réamhghníomhacha chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid uisce agus sceitheanna a aimsiú, rud a chinntigh go mbeadh an córas bainistíochta uisce níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe.

Ina theannta sin, suiteáladh díon 130 méadar os cionn na leaca seirbhíse ag Iosta Traenach Laoise, rud a chuir feabhas mór ar na dálaí oibre agus a chuir go mór le héifeachtúlacht na n-oibríochtaí. Mar chuid den fhorbairt sin, comhtháthaíodh córas bailithe uisce báistí sa tsaoráid agus is féidir 30,000 lítear uisce baistí a bhailliú chun traenacha a ní. Tá an córas sin an-éifeachtach agus is lú go mór an méid uisce a fhaightear ón bpríomhphíopa uisce óil anois, rud a chuireann leis an inbhuanaitheacht comhshaoil san iosta.



Cás-Staidéar: An Inbhuanaitheacht á Spreagadh ar Iarnród Chorcaí

Faoi Chlár Iarnróid Comaitéireachta Cheantar Chorcaí, tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar chúrsaí iompair sa réigiún, ionas go mbeidh seirbhísí á rith gach 10 nóiméad, ar bhealach inbhuanaithe.

I mí Lúnasa 2023, sheolamar Straitéis Inbhuanaitheachta a bhí bunaithe ar naoi dtéama lárnacha agus a raibh 28 sprioc intomhaiste ag gabháil léi, agus muid ag féachaint chuige go mbeadh breithnithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha fite fuaite i ngach céim den tionscadal. Tá Plean Feidhmithe Inbhuanaitheachta againn lena rianaítear an dul chun cinn a dhéanaimid, agus tá príomhtháscairí feidhmíochta leagtha síos chun féachaint chuige go mbainfear amach feabhas leanúnach.

Príomhéachtaí

- **Comhtháthú Inbhuanaitheachta ag Luathchéim Dhearaidh:** Déantar an inbhuanaitheacht a leabú san obair nuair a bhíonn stáisiúin á ndearadh, iostaí á bpleanáil, agus leictirí á dhéanamh, agus déantar measúnú riosca i dtaobh an athraithe aeráide mar thaca leis sin.
- **Comhoibriú leis an Tionscal:** Bímid i mbun rannpháirtíocht ghníomhach le conraitheoirí, lena n-áirítear ceardlann charbóin (Feabhra 2024) ina ndearnadh iniúchadh ar laghdú astaíochtaí trí mheasúnú saolré, chomh maith le tionscnaimh maidir le feithiclí leictreacha, stóráil fuinnimh i gceallraí, agus oifigí láithreáin a n-úsáidtear cumhacht na gréine iontu.
- **Athúsáid Ábhar:** I measc na gcleachtas inbhuanaithe tá athearraíocht a dhéanamh ar ábhair ó stóras gráin R&H Hall, a leagadh go talamh.
- **Tionchar ar an bPobal:** Cuireadh clár oideachais STEAM ar bun, clár praiticiúil do bhunscoileanna i gCarraig Thuathail.

Treochlár do Thionscadail sa Todhchaí

Tá straitéis inbhuanaitheachta agus plean cur chun feidhme Chlár Iarnróid Comaitéireachta Cheantar Chorcaí ina treoirphlean do thionscadail infheistíochta iarnróid amach anseo. Leis an gcur chuige sin, cinntítear go mbainfear amach laghdú intomhaiste ar an tionchar a imrítear ar an gcomhshaoil, go gcuirfear cleachtais inbhuanaithe chun cinn, agus go bhféadfar tuairisciú trédhearcach a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh le tionscadal.

Astaíochtaí Torainn

Fuair Rannóg Oibríochtaí Iarnród Éireann ocht ngearán faoi thorann i mbliana, an líon céanna agus a fuair sí in 2023. Ós rud é gur tugadh seirbhísí breise isteach in 2024, is dearfach an rud é gur cloíodh leis an leibhéal sin gearán.

Fuair an Rannóg Bonneagair 71 gearán faoi thorann in 2024, i gcomparáid le 61 gearán in 2023. Cé gur méadú beag é sin, tá sé i gcomhréir leis an leathnú mór ar oibreacha feabhsúcháin rianta atá dírithe ar chur le hiontaofacht agus feidhmíocht an ghréasáin.

Táimid tiomanta fós do dhul i gcomhairle lenár bpobail trí chomhairliúcháin phoiblí leanúnacha agus fógraí réamhghníomhacha faoi oibreacha atá ar na bacáin. Is tosaíocht againn é cumarsáid oscailte, thrédhearcach a

dhéanamh lenár gcomharsana, agus leanfaimid orainn ag tabhairt aird ar an aiseolas a fhaighimid chun cur isteach ar dhaoine a laghad is féidir.

Tuilleadh Oiliúna faoin Inbhuanaitheacht

In 2024, ghlac a lán fostaithe de chuid Iarnród Éireann páirt i gcláir oiliúna éagsúla a bhí dírithe ar an inbhuanaitheacht, rud a neartaigh ár dtiomantas do chleachtais inbhuanaithe a leabú ar gach leibhéal den eagraíocht. I measc na rannpháirtithe éagsúla bhí ceannaitheoirí soláthair, bainisteoirí ceantair, bainisteoirí stórais, ceannairí rannóige, baill foirne theicniúla, ceardaithe, agus oibrithe oifige, rud a chinntigh go ndéanfar comhtháthú fairsing ar phrionsabail na hinbhuanaitheachta ar fud na cuideachta.

I measc na bpríomhthionscnamh ar tugadh fóthu in 2024 bhí:

- **Bunphrionsabail na hinbhuanaitheachta** – thug 13 bhall foirne faoin gcúrsa seo i mí Iúil 2024, agus tháinig siad ar bhuntuisctint ar phrionsabail na hinbhuanaitheachta agus conas iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs gnó.
- **Crios Buí san Inbhuanaitheacht** – thug 14 bhall foirne faoin gclár seo, faoinar cuireadh i bhfeidhm Prionsabail Bharainneachta agus uirlisí réitigh fadhbanna chun dul i ngleic le dúshláin inbhuanaitheachta d'fhonn feabhas a chur ar an éifeachtúlacht agus ar an gcaoi a ndéantar acmhainní a bhainistiú.
- **Teastas Leibhéal 7 i mBunphrionsabail na Bainistíochta Inbhuanaithe**

Inbhuanaitheacht *ar lean*

Acmhainní – thug 29 ball foirne faoin gclár seo, arna chreidiúnú ag Ollscoil Luimnigh, i Meán Fómhair 2024, agus clúdaíodh príomhthopaicí amhail Ceannaireacht i dtaobh na hInbhuanaitheachta, Bainistíocht Fuinnimh, Bainistíocht Dramhaíola, agus Prionsabail an Gheilleagair Chiorclaigh.

- **Pathway to Net Zero (le IEMA)** – thug 15 bhall foirne de chuid Iarnród Éireann, mar aon le comhghleacaithe ó Bhus Éireann, Bus Átha Cliath agus CIÉ, faoin gcúrsa dhá lá seo ón Institiúid um Bainistíocht agus Measúnú Comhshaoil (IEMA) i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tugadh treoir maidir le freagairt don ghéarchéim aeráide, agus tugadh forléargas straitéiseach agus oibríochtúil don fhoireann ar an tionchar a bhíonn ag an inbhuanaitheacht comhshaoil ar a dtionscal féin agus a réimse oibre áirithe féin.
- **Scileanna Ceannaireachta CSR don Aistriú chuig Gnó Inbhuanaithe** – tabharfaidh seisear Feidhmeannach ó Iarnród Éireann, mar aon le comhghleacaithe leo ó Bhus Éireann agus CIÉ, faoin gclár mór le rá seo i Scoil Ghnó Cambridge Judge, Ollscoil Cambridge, i mí Eanáir 2025, agus iad ag díriú ar cheannaireacht chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (CSR) san aistriú chuig cleachtais ghnó inbhuanaithe.

Trí infheistíocht a dhéanamh in oideachas agus oiliúint inbhuanaitheachta speisialaithe, tá Iarnród Éireann ag féachaint chuige go mbeidh an t-eolas agus na scileanna is gá ag a lucht saothair chun athrú fiúntach a bhaint amach, inbhuanaitheacht oibríochtúil a fheabhsú, agus tacú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin.

Inbhuanaitheacht i dtaobh na Gné Geilleagraí Iarnród 2050

Lean Iarnród Éireann ag obair leis an Roinn Iompair agus le daoine eile ar an Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin agus foilsíodh an tuarascáil chríochnaitheach i mí Iúil 2024, ina raibh 32 mholadh chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar an leas a bhaintear as an iarnród ar fud an dá dhlínse. Ansin cuireadh tús leis an obair leis na páirtithe leasmhara céanna, le hionchur ón mBanc Eorpach Infheistíochta, chun Plean Cur Chun Feidhme um Infheistíocht san Iarnród a ullmhú ina leagfar amach cé na tionscadail a chuirfear ar bun faoin straitéis sin, agus conas a chuirfear i bhfeidhm iad. Nuair a bheidh an obair sin go léir déanta, meastar go ndúblóidh sciar an iarnróid den mhargadh iompair agus go mbeidh 700,000 duine breise ina gcónaí i bhfoisceacht 5 chiliméadar de stáisiún traenach.

Ag an am céanna, tá straitéis chorparáideach fhadtéarmach, Iarnród 2050, á hullmhú, agus beidh an straitéis sin ina bonn eolais ag an athbhreithniú iarnróid. Is í an fhís atá againn leanúint ar aghaidh ag forbairt an iarnróid mar chnámh droma córais iompair inbhuanaithe, i gcás paisinéirí agus lastais araon, agus é sin a dhéanamh ar bhonn iarrataí ó pháirtithe leasmhara,

réamh-mheastacháin ar an daonra agus dúshláin maidir leis an athrú aeráide. Tá an straitéis sin leagtha amach anois agus seolfar í le linn 2025, mar threoir do gach gníomh a dhéanfaidh Iarnród Éireann sna blianta amach romhainn.

An Clár Nuálaíochta Future Track

Seoladh clár nuálaíochta nua, ar a dtugtar *Future Track*, i gcomhpháirtíocht le Dogpatch Labs, atá ar cheann de na phríomh-mhoil do ghnólachtaí nuathionscanta in Éirinn, chun cur leis an gcultúr nuálaíochta ar fud na heagraíochta. Rithear an clár ar feadh trí bliana agus gheobhaidh rannpháirtithe rochtain ar thimpeallacht bhríomhar do ghnólachtaí nuathionscanta mar aon le struchtúir thacaíochta, líonraí agus meantóireacht ó fhiontraithe den scoth chun a gcuid smaointe faoin iompar inbhuanaithe a iompú ina dtograí gnó ar féidir infheistíocht a dhéanamh iontu agus a mbeidh tionchar fiúntach acu.

Chuir breis is 120 duine isteach ar an gclár, agus roghnaíodh 25 fostaí ó rannóga éagsúla agus cúlraí éagsúla chun páirt a ghlacadh sa chlár tionscnaimh. Roinneadh ina gcúig fhoireann iad agus bhí gach foireann ag obair ar thionscadal nuálaíochta i réimsí amhail feabhas a chur ar



eispéireas an chustaiméara, stóráil fuinnimh, bithéagsúlacht, lastas agus dearadh stáisiúin. Cuireadh clabhsúr ar an gclár le himeacht ag ar cuireadh tograí i láthair painéal daoine den Ghrúpa Feidhmiúcháin. Chuaigh na láithreoirachtaí go léir i bhfeidhm orthu siúd agus tá na tionscadail á réiteach, ina n-iomláine nó go páirteach, lena gcur i bhfeidhm.

Inbhuanaitheacht i dtaobh na Gné Sóisialta

Bliain mhór eile a bhí in 2024 don inbhuanaitheacht shóisialta agus do ghairm na ndaoine in Iarnród Éireann. Tá breis is 5000 duine ag obair linn anois, rud a léiríonn an leathnú atá tagtha ar gach gné den ghnó. Bhí cur i bhfeidhm ár Straitéise Daoine fós ina phríomhthosaíocht ag an bhfeidhm acmhainní daonna, agus tá athbhreithniú meántéarmach á dhéanamh againn ar ár bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha anois ionas gur féidir linn leagan athbhreithnithe de Straitéis Daoine IÉ a eisiúint in 2025.

Bunathrú Digiteach

Tá bunathrú digiteach agus nuachóiriú ár gcóras daonna go léir fós ina bhonn taca ag na huailmhianta atá againn i leith ár Straitéise Daoine.

Tá Tionscadal an Phárolla Nua curtha i gcrích againn anois, rud a fhágann go n-íoctar gach duine de na fostaithe, breis is 5000 duine, trí chóras nua-aimseartha éifeachtach, agus go bhfuil rochtain acu ar an gcóras sin. Dá bharr sin, cuirfear le héifeachtúlacht na heagraíochta agus beidh tairbhí ann do chách.

Chuireamar i bhfeidhm Feidhmiúlacht nua Deisce Cabhrach lena bhfeabhsaítear na feidhmeanna a ritear ar Cloud People Platform. Tá áit lárnach againn anois ina bhfuil fáil ar na beartais acmhainní daonna

go léir agus ar eolas faoi na sochair agus na teidlíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla go léir, agus is féidir leis na fostaithe a bpróifíl tallann agus a bhfaisnéis féin a thabhairt cothrom le dáta, rud a chuirfidh ar ár gcumas dúinn céimeanna breise a chur i bhfeidhm.

Buaicphointe tábhachtach a bhí ann nuair a cuireadh ár bhFoireann um Fhorbairt na hEagraíochta, sa Rannóg Acmhainní Daonna, ar an ngearrliosta do Ghradam CIPD faoin gcatagóir 'Foireann Daoine na Bliana' as ucht córas Oracle Cloud HCM a chur i bhfeidhm.

Caidreamh leis na Fostaithe

Leanadh le cainteanna idir an Chuideachta agus an Grúpa Ceardchumann (TUG) faoin gclár oibre éifeachtúlachta, ar gné bhunúsach é den chomhaontú pá a rinneadh in 2022 maidir le todhchaí inbhuanaithe a chothú le chéile. Tá bearta comhaontaithe ag an dá pháirtí chun tacú leis na harduithe pá 1.5% a íocadh in 2024 agus atá beartaithe i gcomhair 2025 agus 2026. Ar bhonn éifeachtúlachta a íoctar iadsan.

Comhaontaíodh moltaí maidir leis an tsaoire bhliantúil a mhéadú agus fuair formhór na foirne lá breise amháin ar a laghad de shaoire bhliantúil. Gheobhaidh siad tuilleadh laethanta saoire de réir a chéile.

Ón 1 Márta 2024, thosaigh Iarnród Éireann ag tairiscint Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta ranníocach dóibh siúd nach dtagann faoi pharaiméadair na Scéimeanna Pinsean atá ag ClÉ faoi láthair. Tugadh isteach treoirscéim chun saoire bhliantúil bhreise a cheannach in 2024 freisin, rud a chuir ar a gcumas do na baill foirne suas le trí lá saoire breise a cheannach. D'éirigh go maith leis an treoirscéim, agus tá sé

deimhnithe go leanfaidh an sochar ar aghaidh go dtí 2025 agus an rogha ann feasta suas le cúig lá a cheannach.

Bhain an chuideachta an-tairbhe as an gComhairle Chomhpháirteach Thionsclaíoch (JIC) a bheith ann chun déileáil go pras le gach fadhb a thagann chun cinn, agus na caighdeáin chéanna a mbíonn coinne leo ag binsí tríú páirtí á gcomhlíonadh ag an am céanna. Rinneadh 32 cás a atreorú chuig an gComhairle sin in 2024, agus cuireadh naoi gcinn acu sin ar aghaidh chuig éisteacht iomlán. Tarraingíodh siar trí chás roimh an éisteacht, agus thángthas ar réiteach leis an bhfostaí nó na fostaithe ar 13 chás roimh na héisteachtaí.

Sláinte agus Folláine

Tá creidiúnú *Keep Well* ó IBEC bainte amach ag Iarnród Éireann agus sheolamar an t-ardán *Well on Track*.

Léirigh an suirbhé foirne a rinneamar maidir le Sláinte agus Folláine go ndearna 54% de na freagróirí rud éigin i rith na bliana ar mhaithe lena sláinte.

Reáchtálar roinnt cúrsaí chun cuidiú le daoine stopadh ag caitheamh tobac agus rinneamar ár bhfoireann Sláinte agus Sábháilteachta féin a oiliúint mar Éascaitheoirí ina leith sin. Sheolamar ár gcéad Chlár Folláine Airgeadais agus reáchtálar an chomhdháil bhliantúil Sláinte agus Folláine, ar éirigh go geal léi agus ag ar cuireadh cainteanna i láthair maidir le gnéithe nuálacha den chothú agus den tsláinte inchinne. Bhí líon mór daoine i láthair. Leanfaimid orainn ag cur iarracht mhór isteach i bhfeasacht agus tacaíocht maidir leis an Sos Míostraithe, lena n-áirítear cuairteanna saor in aisce ar an Mol Sosa Míostraithe do bhaill foirne agus tionscnaimh agus cláir thacaíochta éagsúla eile do gach ball foirne.

Inbhuanaitheacht *ar lean*

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Rinneadh leathnú mór ar ár gclár Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe in 2024. Choinníomar ár ndeimhniú airgid ó Ionad Éagsúlachta na hÉireann.

D'fhás ár líonraí fostaithe, agus bhí Líonra SHINE na mBan ag óstáil imeachtaí ar fud na tíre. Thugamar isteach deiseanna ríomhfhoghlama faoi Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ar ár nArdán Daoine, agus cuireadh ceithre mhodúl ar fáil a bhain le hábhair éagsúla.

Leathnaíomar ár gclár do na scoileanna, agus bhunaíomar comhpháirtíochtaí nua le scoileanna cailíní go háirithe. Bhunaíomar imeachtaí nua, lena n-áirítear Comhdháil Bhróid agus imeacht i gcomhair Lá Idirnáisiúnta na bhFear. Leanamar lenár gcuid oibre le tríú páirtithe freisin, lena n-áirítear Open Doors, Ahead, AsIAM agus Back to Work Connect, rinneamar éagsúlú ar ár bhfoinsí earcaíochta agus chuireamar imeachtaí gairme ar bun. Cuireadh dlaoi mhullaigh ar an méid sin uile nuair a bhuaigh ár mBainisteoir Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, Samuel Riggs, an gradam 'Seaimpín Éagsúlachta CIPD' agus an gradam 'Cur Chun Cinn an Chomhionannais Inscne' ag Gradaim Náisiúnta Éagsúlachta 2025.

Forbairt Tallainne

Cuireadh an-spéis inár gclár printíseachta in 2024 agus chuir 1,955 duine isteach ar an gclár. D'earcaíomar 44 printíseach céadbhlíana as a measc siúd. Chomh maith leis sin, ritheamar feachtas earcaíochta do phrintísigh sa dara, sa tríú agus sa cheathrú bliain, agus d'earcaíomar 16 dhuine díobh. Ainmníodh ár bhFoireann um Fhorbairt Printíseach ag Gradaim Phrintíseachta Generation i mí na Samhna 2024.

Thosaigh 40 céimí ag obair linn i mbliana, an líon is mó a glacadh isteach go dtí seo. Cúis bhróid ag IÉ is ea tacú leis an tionscnamh IWISH, faoina spreagtar mná óga chun gabháil do ghairmeacha STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic). Chuir IÉ iompar saor in aisce ar fáil do 1,600 bean óg chun freastal ar imeacht IWISH san RDS i mí an Mhárta 2024. Déanfar amhlaidh arís in 2025, i gcomhar lenár gcomhghleacaí *Translink*, ionas go mbeidh mná óga ó gach cearn d'oileán na hÉireann in ann freastal ar an imeacht sin. Lean IÉ lenár gclár rathúla Ceannairí Ban' agus Ceannairí Luathaithe freisin, rud a chuir ar a gcumas do dhaoine dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile dá ngairmeacha beatha.

Ár bPobal

In 2024, lean Iarnród Éireann air ag tacú leis na pobail ar a bhfreastalaímid ar fud na tíre. Choinníomar lenár dtiomantas d'fheasacht ar shláinte mheabhrach lenár dtacaíocht don lá 'Haigh, Conas atá tú' a eagraíonn Mental Health Ireland i mí an Mhárta, lá feasachta na Samárach i mí Iúil agus mí an Ribín Ghlais i mí Mheán Fómhair.

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt le pobal na n-ealaíon ar feadh 2024. Rinneadh tionscadail Ealaíne Poiblí i gCóbh, sa Pháirc Thiar, i mBántír agus i gCill Chomhghaill. Thugamar tacaíocht do Lá na Filíochta, don fhéile Cellissimo i nGaillimh, d'Fhéile Leabhar Bhaile Átha Cliath agus don Fhéile Ealaíon Five Lamps i mBaile Átha Cliath.

Rinneamar comhairliúchán mór leis an bpobal faoi thionscadail bhonneagair ar fud an ghréasáin, idir an DART+, líne Fhaing agus Iarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí, agus muid ag dul i gcomhairle leis na pobail a bhainfidh leas as na seirbhísí sin. Fuarthas aiseolas an-úsáideach dá bharr sin faoi na dearáí atá ag teacht chun cinn.

Ceann dár bpríomhluachanna is ea a bheith bródúil as a bhfuil déanta againn agus paiseanta faoina bhfuil romhainn amach. I mí Iúil 2024, cheiliúramar an DART a bheith ar an bhfód le 40 bliain, le clár leathan imeachtaí lena n-áirítear:

- Gearrscannán a coimisiúnaíodh ó Roddy Doyle i gcomhair na hócáide, a ndearna an fhoireann cumarsáide léiriú air
- Babhta comhair le Músaem Beag Bhaile Átha Cliath chun 40 bliain i saol Bhaile Átha Cliath a cheiliúradh – cuireadh painéil ar taispeáint ar na traenacha agus cuireadh rapar seachtrach ar an DART chun eachtraí stairiúla a tharla i mBaile Átha Cliath le 40 bliain anuas a cheiliúradh: Máire Mhic Róibín á toghadh ina hUachtarán, an reifreann ar chomhionannas pósta, buidéil bhainne na mílaoise agus a lán eile.
- Rinneamar ceiliúradh ar na daoine a bhíodh ag obair le CIÉ ar thógáil agus bunú an DART.
- Tugadh léacht ar an DART faoina stair mar chuid d'Fhéile Staire Bhaile Átha Cliath.
- Rinneadh athchúrsáil ar shuíocháin ón DART chun eagrán teoranta de mhálaí beilte DART a tháirgeadh, a raibh a gcáil amuigh nuair a bhí an comóradh 40 bliain ar siúl.

Leanadh lenár bhfeachtas Nollag le *Focus Ireland* in 2024. Ba é sin an t-ochtú bliain inar reáchtáladh é, agus bhí na nithe seo a leanas san áireamh san fheachtas bailiúcháin airgid:

- Bailiú airgid ag na stáisiúin
- Traenacha Santa
- An deis síntiús a thabhairt ar www.irishrail.ie
- Imeacht An Turas Abhaile – *The Journey Home* ag Ardeaglais Chríost
- Crann Urraíochta Réaltaí i Stáisiún Chorcaí



- Tacaíocht feasachta agus fógraíochta don straitéis 'Éire Dhomhanda'

Bailíodh €90,000 le linn an fheachtais in 2024, rud a fhágann go bhfuil €0.5m bailithe san iomlán do Focus Ireland ionas gur féidir leo coinneáil orthu ag soláthar seirbhísí do mhná, fir agus leanaí atá gan dídean agus ag tabhairt tacaíochta dóibh

Oifig na Gaeilge

Leanadh ar aghaidh le linn 2024 le cur i bhfeidhm na ndualgas agus na n-oibleagáidí atá orainn faoin **Scéim Teanga. Áiríodh** leis sin comhairle a chur ar dhaoine faoi na hoibleagáidí agus na dualgais atá orainn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus faoi na rialacháin ghaolmhara go léir, agus féachaint chuige go ndéantar iad a chomhlíonadh.

Cuireadh comharthaíocht dhigiteach dhátheangach in airde in dhá stáisiún eile ar fud na tíre, agus tá a leithéid in 24 stáisiún san iomlán anois.

Bhí 23.44% den ábhar fógraíochta dátheangach nó i nGaeilge, agus baineadh amach caiteachas 5.07% ar na meáin Ghaeilge de réir alt 6 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021.

Teastas Eorpach na Gaeilge – ghlac deichniúr ball foirne ar fud na tíre páirt i ranganna seachtainiúla ó Dheireadh Fómhair go Bealtaine agus iad ag tabhairt faoi leibhéil A1 go B1, agus cuireadh scrúduithe creidiúnaithe TEG trí OÉ Má Nuad ar fáil don fhoireann ar fad.

Leabharlanna ábhar tagartha ar líne – rinneadh ábhar dátheangach do na meáin shóisialta, comharthaí sealadacha caighdeánacha, teachtaireachtaí as oifig, freagraí agus nuashonruithe ar an reachtaíocht a fhormáidiú agus a fhoilsiú, agus foilsíodh 40 alt dhátheangach do na baill foirne, faoi imeachtaí a bhí ar na bacáin agus deiseanna a bhaineann leis an nGaeilge, ar ár mbealach cumarsáide inmheánach, Workvivo.

Aistriúcháin – Próiseáladh 622 iarratas ar aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge sa bhliain féilire, lena n-áirítear ocht bpreasráiteas a eisíodh go dátheangach agus 75 tvúit dhátheangach/Ghaeilge in aghaidh na míosa ar an meán.

Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

Stiúrthóirí

S. Murphy Uasal (Cathaoirleach)

S. Byrne Uasal

S. Roarty Uasal

Tommy Wynne Uasal

J. Doran Uasal

P. O'Donoghue Uasal

G. Cazenave Uasal

T. Pedersen Uasal

Príomhfheidhmeannach

J. Meade Uasal

Rúnaí

D. McCabe Uasal

Oifig Chláraithe

Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

Teileafón: +353 1 836 3333

Facs: +353 1 836 4760

Suíomh gréasáin: www.irishrail.ie

Uimhir Chláraithe

119571

Iniúcháirí

Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Reachtúla



Steve Murphy

Ceapadh Steve mar Stiúrthóir Iarnród Éireann ar 15 Meitheamh 2023 agus ceapadh ansin é mar Chathaoirleach Iarnród Éireann ar an 5 Eanáir 2024.

Bhí Steve ina POF do MTR UK ó 2020 go 2024, ag déanamh maoirseachta ar sheachadadh seirbhísí iomlána líne Elizabeth, ar an gcomhfhiontar ar Iarnród an Iardheiscirt agus ar ghnólaigh nuathionscanta bonneagair agus forbartha réadmhaoine araon, atá deartha chun réitigh nua a thabhairt do Thionscal na Ríochta Aontaithe. Bhí Steve i gceannas roimhe seo ar an gcomhlacht traenach MTR Elizabeth Line (MTREL) a bhuaigh duaiseanna mar Stiúrthóir Bainistíochta, ó bunaíodh é in 2015, ag baint amach stádas eanála den chéad áit do thomhais chomh leathan agus a bhaintear amach maidir le rith ama, caighdeán sábháilteachta, éagsúlacht san ionad oibre agus seirbhís do chustaiméirí. Tá Steve curtha chun sochair mar an fhórsa tiomána taobh thiar de scéal rath atá ag dul i méid MTREL.

Ó thús a ghairmréime os cionn 30 bliain ó shin mar oiliúnaí do Chéimithe Iarnród na Breataine agus tar éis ról cheannaireachta le Chiltern Railways, Iarnród Éireann, Deutsche Bahn agus London Overground, bhí cur chuige Steve mar chatalaíoch d'fhás dinimiciúil sa tionscal trí nuálaíocht leanúnach agus fócas gan staonadh ar shábháilteacht, iontaofacht, agus seirbhís do chustaiméirí.



Suzy Byrne

Ceapadh Suzy Byrne ar an mbord i mí Lúnasa 2018 agus athcheapadh í in 2021. Is bainisteoir réigiúnach í sa tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tá BA sa tSocheolaíocht agus sa Bheartas Sóisialta agus cáilíochtaí iarchéime i mbainistíocht agus i gcáil dhlíthiúil ag Suzy. Tá cúlra aici sa ghníomhaíocht agus sa rialachas san eanáil dheonach le breis agus 30 bliain anuas agus is iarchathaoirleach agus iarchomhalta boird í de Chomhairle Saoirsí Sibhialta na hÉireann. Faoi láthair, oibríonn sí go deonach mar chomhairleoir seachtrach do roinnt eagraíochtaí agus fondúireachtaí sochaí sibhialta go háirithe i réimse an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe.



Sarah Roarty

Tháinig Sarah Roarty chuig an mBord i mí Aibreáin 2019. Tá céim sa Cheimic bainte amach aici, agus tá taithí fhairsing aici in eanála na heolaíochta, na teicneolaíochta míochaine agus na cógaisíochta ar leibhéal ardbhainistíochta, taithí a fuair sí i dtionscail den chéad scoth ar fud na hEorpa. Faoi láthair tá sí ina Bainisteoir Forbartha Fiontair le Action Tuam. Bhí Sarah ina Leas- Uachtarán ar an mBord agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca do Chomhar Creidmheasa Naomh Iarla. Tá sí ina comhalta de Choiste Iniúcháireachta Chomhairle Contae na Gaillimhe faoi láthair. Bhunaigh Sarah an carthanas cláraithe Angelman Syndrome Ireland, a chuireann chun cinn comhdheiseanna, cumasú agus inrochtaineacht dóibh siúd a bhfuil Siondróm Angelman orthu agus dá dteaghlach. Tá sí ina cathaoirleach ar an eagraíocht sin.



Tommy Wynne

Athcheapadh Tommy Wynne ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh sé le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus d'fhóin sé i ról éagsúla sular thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Tá Ard-Diplóma sa Bhainistíocht Idirnáisiúnta Iarnróid ag Tommy ón Glasgow Caledonia University. Bhain sé amach cáilíocht mar idirghabhálaí le déanaí agus tá sé cláraithe le hInstitiúid Idirghabhálaithe na hÉireann (MII). Bhí sé ina Uachtarán ar Rannóg TEAC le SIPTU ar feadh 12 bhliain agus faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Rannóg na hEanála Iompair le SIPTU. Toghadh é ar Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta SIPTU le déanaí.



James Doran

Ceapadh James (Jimmy) Doran ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1997 go 2001 agus ceapadh ar bhord Iarnród Éireann é an tráth céanna.

Rinne Jimmy a phrintiseacht san obair leictreach le CIÉ ó 1980-84 agus ansin, tar éis dó a bheith ag obair ar láithreacha tógála i Londain ar feadh sé bliana, d'fhill sé ar Éirinn in 1991 chun teacht ag obair mar leictreoir le Bus Átha Cliath i nGaráiste Chluain Tarbh. Is ansin atá sé ag obair ó shin. Toghadh Jimmy ina ionadaí ceardchumainn in 1993. Tá sé ina chomhalta de Choiste Feidhmiúcháin Náisiúnta an Cheardchumainn Connect, ina chathaoirleach ar a Choiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Iompar, agus déanann sé ionadaíocht don cheardchumann ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Chomhar Ceardchumann na hÉireann (CC) agus ar Ghrúpa Iompair CC. Tá muintir Jimmy ag obair in earnáil an iompair phoiblí le trí ghlúin anuas agus tá an traidisiún céanna sin acu i leith gníomhaíochas sna ceardchumainn: bhí a sheanathair (James Doran a bhí airsean freisin) i measc bhunaitheoirí IES&FTU, réamhtheachtaí an cheardchumainn Connect, in 1920.



Patrick O'Donoghue

Ceapadh Patrick O'Donoghue ar an mbord i mí Mheán Fómhair 2022. Tá céim san innealtóireacht shibhialta aige a bronnadh air in 1974. I rith na tréimhse ó 1997 go 2017 bhí baint mhór ag Patrick le forbairt an chórais Luas i mBaile Átha Cliath, mar fhostaí de chuid CIÉ agus ina dhiaidh sin mar fhostaí de chuid na Gníomhaireachta um FHáil Iarnród, áit a raibh sé ina Stiúrthóir Deartha agus Foirgníochta. Áiríodh leis an obair sin an dearadh tosaigh, formheas reachtúil, soláthar, cistiú, tógáil, coimisiúnú, agus oibríochtaí, agus is as sin go léir a d'eascair an córas atá ann faoi láthair. Ó 1981 go 1992 bhí sé ag obair le CIÉ/Iarnród Éireann i gCorcaigh agus ag Gabhal Luimnigh. Is éard a bhí i gceist leis an obair sin go príomha ná cothabháil agus athnuachan bonneagair lena n-áirítear athnuachan a dhéanamh ar na ráillí (ráillí nua a chur in ionad na ráillí siúntaithe) agus comharthaí nua a shuiteáil ar an líne idir Gabhal Luimnigh agus Corcaigh, agus Stáisiún Chorcaí san áireamh. Idir 1978 agus 1981 bhí Patrick ag obair le hinnealtóir comhairleach agus é ag plé den chuid ba mhó le mórscéim soláthair uisce do chathair Chorcaí agus do cheantar tionsclaíochta ó dheas. Ó 1974 go 1978 bhí sé ag obair i rannóg buanslí CIÉ i gCorcaigh agus i Luimneach. Tá obair chomhairleach a bhaineann le conarthaí foirgníochta déanta ag Patrick in Éirinn agus thar lear ó chuaigh sé ar scor in 2017.



Gwendoline Cazenave

Ceapadh Gwendoline ar an mbord i mí Mheán Fómhair 2022. Tar éis di tréimhse 20 bliain a chaitheamh le Grúpa SNCF, áit a raibh poist thábhachtacha aici i réimsí an Ghnó, na nOibríochtaí, na Straitéise agus an Airgeadais, bhí sí ina páirtí ag Olivier Wyman, gnólacht comhairliúcháin straitéise, idir 2020 agus 2022. Tá saineolas cuimsitheach aici ar rialachas corparáideach trína ról neamhfheidhmiúcháin ag Union Financière de France agus Tallano Technologies. Ina theannta sin, bhí sí i gceannas ar roinnt tionscnamh a bhain le comhionannas inscne agus le freagracht shóisialta agus chomhshaoil. Is mór an cúnamh a bheidh ina cuid taithí agus fuinnimh chun Grúpa Eurostar nua a bhunú agus a fhorbairt, lena gcuirfear eispéireas taistil uathúil ar fáil san Eoraip le Thalys agus Eurostar.



Thilde Pedersen

Ceapadh Thilde Restofte Pedersen mar Bhord Stiúrthóir Éireann an 21 Meán Fómhair 2023 agus cuireann sí le taithí agus saineolas fairsing maidir le cláir agus eagraíochtaí móra casta a bhainistiú sna tionscail iarnróid agus iompair.

Faoi láthair tá sí ina POF agus ina húinéir ar Nordic Signals, gnólacht comhairleoireachta a thugann comhairle do roinnt cliant i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip araon maidir le córais chomharthaíochta dhigiteacha nua agus bainistíocht clár a chur i bhfeidhm.

Roimhe seo, bhí sí ina Stiúrthóir Cláir in Banedanmark (bainisteoir bonneagair na Danmhairge) chun córais nua comharthaíochta digití a chur chun feidhme ar an ngréasán iarnróid ar fud na tíre (ERTMS) agus ar S-bhána Chóbanhávan (CBTC) araon. Áirítear le táirgí insoláthartha Chlár Comharthaíochta na Danmhairge cur chun feidhme taobh riain, feistiú rothstoic de níos mó ná 350 traein agus córas ardbhainistíochta tráchta.

Áirítear i ról roimhe seo in Banedanmark tréimhse oifige freisin mar Cheann Pleanála agus mar Cheann na hOifige Bainistíochta Cláir sa Chlár Comharthaíochta. Is iar-phríomhiniúcháir í Thilde freisin le Rigsrevisionen (Oifig Iniúcháireachta Stáit na Danmhairge).

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na stiúrthóirí i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, i leith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 agus na rialachán is infheidhme.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhorghnó mura bhfuil siad deimhin de go dtugtar léargas fórcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar.
- a shonrú ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú.
- scairshealbhóirí na Cuideachta a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochta, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh. Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

Gnóthas Leantach

Tá ag éirí go maith le geilleagar na hÉireann i gcónaí, rud a léiríonn an t-éileamh láidir ar sheirbhísí do phaisinéirí ar fud an líonra. Rinne na stiúrthóirí breithniú mionsonraithe ar chineál na n-údar éiginnteachta atá ag an gcuideachta agus iad ag féachaint an raibh sé fós iomchuí bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais i leith 2024 á n-ullmhú. Seo a leanas achoimre ar na príomhúdair éiginnteachta atá ag Iarnród Éireann:

Éiginnteacht maidir leis an nGeilleagar ar Domhan

Leanann fachtóirí geopholaitiúla lena n-áirítear taraifí trádála féideartha, ag cur le roinnt rioscaí ginearálta gnó. Léiríonn ciorruithe ar rátaí úis laghdú ar bhoilsciú i dtreo spriocleibhéal an AE, ach léiríonn moilliú eacnamaíoch ar fud an AE éiginnteacht eacnamaíoch.

Gnóthaí Tráchtála

Meastar gur barrachas a dhéanfar in 2025 agus 2026 i leith na réimsí gnó sin. Tar éis do na stiúrthóirí réamh-mheastacháin a bhreithniú, tá siad deimhin de nach mbaineann deacracht le seasamh na cuideachta mar ghnóthas leantach.

Seirbhísí OSP

D'aistrigh Iarnród Éireann chuig Conradh OSP ollchostais ón 1 Eanáir 2023, faoina n-aisíocfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis an gcuideachta na hollchostais a bhaineann le seirbhísí a sholáthar faoin gconradh.

Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an lucht bainistíochta bhreithnigh na stiúrthóirí an cistiú is dócha a bheadh ag teastáil i leith 2025 agus 2026. Áiríodh leis sin breithniú ar rannpháirtíocht an lucht bainistíochta le príomh-gheallsealbhóirí, ar Bhuiséad an Stáitchiste 2024, agus ar an bhfaisnéis ábhartha go léir atá ar fáil go poiblí. Tá na stiúrthóirí deimhin de go bhfuil sé fós ar intinn ag an Údarás Náisiúnta Iompair go soláthrófar cistiú don Chuideachta i gcomhréir leis na seirbhísí OSP arna n-iarraidh.

Ba ghné riachtanach de mheasúnú na stiúrthóirí ar staid airgeadais na cuideachta é an bonn tuisceana go bhféadfaí leibhéil chuí chistiúcháin OSP a sholáthar. Tá na stiúrthóirí deimhin de:

- go bhfuil sé fós ar intinn ag an Údarás Náisiúnta Iompair cistiú a sholáthar d'Iarnród Éireann ionas gur féidir leis leanúint ar aghaidh in 2025 ag feidhmiú Seirbhísí OSP arna n-iarraidh ag an Údarás.
- gur fhág an phleanáil a rinneadh go bhféadfaí measúnaithe réasúnta a dhéanamh ar an leibhéal cistithe is dócha a bheidh ag teastáil i leith 2025 agus 2026.
- go bhfuil soláthar leordhóthanach déanta i mbuiséad an Stáitchiste chun leanúint ar aghaidh leis na Seirbhísí OSP in 2025.
- go bhfaighidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú leordhóthanach ón Stáitchiste chun íoc as soláthar na seirbhísí arna n-iarraidh.

Ba mhaith leis na stiúrthóirí aitheantas a thabhairt don chistiú breise a fuarthas tríd an Údarás Náisiúnta Iompair agus an Stáitchiste ó thosaigh an phaindéim, rud a chuir ar ár gcumas dúinn leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí iompair phoiblí fíor-riachtanacha.

Feidhmíonn an Grúpa córas cisteáin chomhthiomsaithe agus braitheann Iarnród Éireann ar shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa chun a chuid oibríochtaí a bhainistiú i gcomhréir leis an bplean gnó formheasta.

Tá fianaise ar thacaíocht leanúnach Ghrúpa CIÉ d'Iarnród Éireann sa Litir Thacaíochta ó CIÉ chuig Iarnród Éireann dar dáta an 2 Aibreán 2025.

Leagtar amach tuilleadh sonraí i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta seirbhísí idirchathrach (Intercity) agus seirbhísí comaitéireachta a sholáthar do phaisinéirí, mar aon le seirbhísí lastais agus Europort Ros Láir a bhainistiú.

Is ag Córas Iompair Éireann (CIÉ), comhlacht reachtúil atá ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus a thuairiscíonn don Aire Iompair, atá 100% de scairchaipiteal eisithe na Cuideachta.

Déanann an Chuideachta faireachán rialta ar a feidhmíocht trí raon príomhtháscairí feidhmíochta i dtaobh oibriúcháin agus airgeadais. Sna hathbhreithnithe sin ón lucht bainistíochta agus na stiúrthóirí, tá béim mhór á leagan ar bhainistíocht costas, cur chuige a d'fhág gur cuireadh feabhas ar chaighdeán agus éifeachtacht na seirbhísí do na custaiméirí go léir. Léiríonn torthaí na bliana 2024 gur méadú €5.5m a bhí i gceist leis an ioncam €77.7m (2023: €72.2m) ó oibríochtaí i leith na bliana.

Mhéadaigh maoiniú iomlán an stáitchiste go €967.6m (2023: €910.2m) sa bhliain Ba é méid an fhóirdheontais um Oibleagáid Seirbhíse Poiblí ('OSP') a fuarthas in 2024 ná €433.2m (2023: €387.6m), sin méadú €161.9m bliain ar bhliain. An cistiú eile €534.4m (2023: €522.6m) ón stáitchiste a fuarthas i leith na bliana, is laghdú €11.8m sa bhliain atá i gceist leis.

Tháinig méadú €38.5m go €658.1m (2023: €619.6m) le hais na bliana roimhe sin ar na costais oibriúcháin, roimh chostais eisceachtúla: méadú €19.6m ar chostais phárolla, méadú €0.3m ar chostais bhreosla agus fuinnimh agus costais €0.3m a bhain le feidhmiú seirbhísí paisinéara agus méadú €28.1m ar na gníomhaíochtaí cothabhála.

Thaifead an Chuideachta glanbharrachas €1.7m (2023: €9.4m) roimh chánachas.

Tá áthas ar na stiúrthóirí a thuairisciú gur comhlíonadh go hiomlán, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024, na spriocanna bliantúla a bhí aontaithe idir an Chuideachta agus an tÚdarás Iompair Náisiúnta.

Níor íocadh ná níor fógraíodh aon díbhinní in 2024 ná in 2023.

Príomhrioscaí agus Príomhúdair Éiginnteachta

Tá an Chuideachta meáite ar rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach agus iad a choinneáil faoi smacht. Tríd an gcreat bainistíochta rioscaí aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Cuideachta agus ullmhaítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí a mhaolú. Cuirtear na príomhrioscaí agus na bearta maolaitheacha faoi bhráid an bhoird gach ráithe. Déantar iniúchadh seachtarach ar an gcóras agus ar na próisis bainistíochta rioscaí ar bhonn bliantúil.

Bainistíocht Rioscaí Airgeadais

Fágann oibríochtaí na Cuideachta go mbíonn sí neamhchosanta ar rioscaí airgeadais éagsúla lena n-áirítear riosca leachtachta, praghasriosca agus riosca creidmheasa. Tá próisis agus nósanna imeachta bainistíochta riosca airgeadais i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ, ina bhfuil an Chuideachta, chun neamhchosaint na Cuideachta orthu sin agus rioscaí airgeadais eile de chuid Ghrúpa CIÉ a bhainistiú.

Chun cobhsaíocht na n-eis-sreafaí airgid a chinntiú agus rioscaí airgeadais a bhainistiú, úsáideann CIÉ, an máthaireintiteas, ionstraimí airgeadais dhíorthaigh de réir na sonraíochta a ghabhann leis an Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992, lena ndéantar údarú ar an úsáid a bhaineann CIÉ as ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear conarthaí babhtála tráchtearraí.

Is é Bord CIÉ a dhéanann formheas ar Bheartas Cisteáin Ghrúpa CIÉ, ina ndéantar doiciméadú ar bheartais Ghrúpa CIÉ maidir le bainistíocht rioscaí airgeadais, agus cuireann Rannóg Cisteáin Ghrúpa CIÉ chun feidhme é.

Praghasriosca

Tá an Chuideachta neamhchosanta ar phraghasriosca tráchtearraí mar gheall ar a cuid oibríochtaí, go háirithe praghas ola. Téann CIÉ i mbun conarthaí babhtála tráchtearraí chun neamhchosaint Ghrúpa CIÉ ar ghluaiseachtaí praghsanna ola a mhaolú. Níl an Chuideachta ina páirtí sna conarthaí sin.

Riosca Airgeadra Eachtraigh

Tá Grúpa CIÉ, agus an Chuideachta, neamhchosanta ar riosca airgeadra eachtraigh i ngnáthchúrsa an ghnó, go háirithe i gcás ceannacháin agus díolacháin arna n-ainmniú i steirling agus i ndollair SAM. Úsáideann Grúpa CIÉ idir ghlanluacháil laistigh den ghrúpa ar shreafaí airgid, arna

n-ainmniú in airgeadraí eachtracha, agus chonarthaí réamh-mhalairte chun maolú a dhéanamh ar neamhchosaint Ghrúpa CIÉ agus na Cuideachta ar ghluaiseachtaí ráta malairte. Déanann an Grúpa réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun maolú a dhéanamh ar riosca malairte de bharr idirbhearta airgeadais ábhartha a bheith ainmnithe in airgeadra seachas euro. Níl an Chuideachta ina páirtí sna conarthaí sin.

Riosca i dtaobh Leachtachta

Cinntíonn Grúpa CIÉ ar bhonn gníomhach go bhfuil idir mhaoiniú fiachais fhadtéarmaigh agus mhaoiniú fiachais ghearrthéarmaigh aige atá ceaptha lena áirithiú go bhfuil cistiú imleor ar fáil don Ghrúpa, lena n-áirítear an Chuideachta, le haghaidh oibríochtaí ó lá go lá.

An Bord

Is tríd an mbord stiúrthóirí atá an Chuideachta á rialú. Is iad príomhróil an bhoird cuspóirí straitéiseacha na Cuideachta a fhorghnó agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta i gcomparáid leis na príomhtháscairí feidhmíochta. Is ann do sceideal nithe atá le ceadú ag an mBord, a thagann le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad.

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tá Foireann Ardbhainistíochta na Cuideachta freagrach as bainistíocht laethúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Cuideachta arna dtarmhligean ag an mBord. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta faoi rialú ag struchtúr eagraíochta atá ceaptha chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i réimsí lena n-áirítear: Gnóthas Iarnróid, Bainisteoir Bonneagair, Airgeadas, Cúrsaí Tráchtála, Bainistíocht Riosca, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise, Sábháilteacht agus Cumarsáid Chorporáideach. Ina theannta sin, tá an Fhoireann Ardbhainistíochta freagrach as comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ó thaobh tuairiscithe agus rialachais i ndáil leis an gcuideachta.

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá tús áite á thabhairt go fóill ag stiúrthóirí Iarnród Éireann d'ardchaighdeán rialachais chorporáidigh a choinneáil ar bun. Tá a bheartas rialachais chorporáidigh féin curtha i dtoll a chéile ag an mBord d'fhonn éifeacht a thabhairt don Chód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú, cód atá eisithe ag an Roinn Airgeadais.

Leagtar amach i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann na sonraí maidir le beartais agus nósanna imeachta an Ghrúpa arna gcur chun feidhme ag an gCuideachta i ndiaidh fhoilsiú an Chóid Chleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá an tuarascáil sin le feiceáil ar láithreán gréasáin CIÉ ag www.cie.ie.

Costais an Bhonneagair Iarnróid

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear ar Iarnród Éireann a chinntiú gur ar leithligh a choimeádtar cuntais ghnó na seirbhísí iompair agus na cuntais ghnó a bhaineann le gnó bainistíochta an bhonneagair iarnróid. Cinntear na costais bhonneagair de réir larscríbhinn 1.A. de Rialachán (AE) Uimh. 2598/70.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

Aithníonn Iarnród Éireann (IÉ) an fhreagracht atá air as a áirithiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus ní chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in IÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus go dtí an dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag IÉ, agus déantar foráil i gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste maidir le triúr Comhaltaí Boird a cheapadh ar an gcoiste, a nglacfaidh duine acu ról an Chathaoirligh. Tháinig CIR le chéile cúig huaire in 2024.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag CIÉ freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú le CIR.

Tá Grúpa Comhairleach um Infheistíocht Chaipitiúil ag an mbord chun monatóireacht a dhéanamh ar athnuachan

bonneagair, bainistiú a dhéanamh ar bhonneagar mór, ar chomharthaíocht, ar thionscadail leictreacha agus Teileachumarsáide agus ar fheidhmíocht. Cabhraíonn an Grúpa Comhairleach um Sheachadadh Seirbhíse leis an mbord i gcúrsaí a bhaineann le taithí agus dearcadh an chustaiméara, straitéisí tráchtála, innealtóireacht traenach, athruithe rialála, agus rioscaí gnó. Cuireann Coiste Sábháilteachta an Bhoird comhairle ar an mBord maidir le tochtanna sábháilteachta ar fud an ghnó.

An cumas i dtaobh Riosca a Láimhseáil

Tá Creat Bainistíochta Rioscaí curtha i bhfeidhm ag IÉ lena ndéantar soláthar i gcomhair na n-acmhainní, an rialachais agus na gcóras dearbhaithe go léir atá de dhíth lena áirithiú go n-aithneofar na rioscaí go léir a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhaint amach chuspóirí na Cuideachta, go ndéanfar iad a bhainistiú agus go dtabharfar tuairisc ina leith i gcomhréir leis an bhfonn riosca atá ar an gCuideachta. Tá an Creat sin formheasta ag Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin IÉ agus ag Bord IÉ.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Leagtar amach sa Chreat formheasta cuspóirí IÉ, an fonn riosca atá air, agus na critéir atá leagtha síos ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí. Cuirtear fonn riosca IÉ in iúl mar bheartas bainistíochta agus tuairiscithe céimnithe i leith cineálacha éagsúla rioscaí.

Is iad na comhaltaí aonair den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin atá freagrach as rioscaí a aithint, agus iad ag brath ar acmhainní a gcuid ranna féin. Tá gach duine den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin freagrach as a áirithiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair ina gcuid réimsí freagrachta, a mhéid is go ndéanfar na rioscaí go léir a eascraíonn as na réimsí sin, nó a mbíonn tionchar acu orthu, a aithint. Ansin sanntar duine aonair mar Úinéir Riosca i gcás gach riosca arna aithint. Is é nó í an té sin atá freagrach as anailís bhreise agus meastóireacht a dhéanamh ar an riosca atá i gceist, déileáil leis agus tuairisc a thabhairt ina leith, i gcomhréir leis an gCreat.

Chun taifeadadh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ó lá go lá faoin bpróiseas sin, tá Córas Faisnéise Bainistíochta Rioscaí curtha i bhfeidhm ag IÉ. Dearadh an córas bogearraí sin de réir na bprionsabal atá leagtha amach in ISO 31000, sa chaoi is nach mór d'Úinéirí Riosca, agus gníomhaithe eile, cur chuige comhsheasmhach, stuama a ghlacadh ag gach céim den phróiseas bainistíochta rioscaí.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá comhaltaí na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin freagrach as an gCóras Faisnéise Bainistíochta Rioscaí a úsáid chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an phróisis bainistíochta rioscaí ar fad ó lá go lá.

Chun an próiseas bainistíochta rioscaí a chomhordú, chun bainistiú a dhéanamh ar réimsí freagrachta atá ag teacht trasna ar a chéile, agus chun féachaint chuige gur aithníodh na Príomhrioscaí atá ag bagairt ag an gCuideachta, cuireann Príomhfheidhmeannach IÉ athbhreithniú ar bhainistíocht rioscaí san áireamh ag gach cruinniú míosúil den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Déantar liosta de na Príomhrioscaí atá ag bagairt ar IÉ, lena n-áirítear na rioscaí go léir a d'fhéadfadh samhail ghnó na cuideachta, a feidhmíocht, a sócmhainneacht nó a leachtacht a chur i mbaol amach anseo, a chomhaontú agus déanta athbhreithniú píaraí ar an liosta sin ag gach cruinniú míosúil.

Gach ráithe, tugann Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí IÉ tuarascáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ina leagtar amach an fhaisnéis go léir is gá chun cineál agus méid na bPríomhrioscaí sin a shoiléiriú, mar aon leis an seans go dtarlóidh siad agus a mhéid a dhéanfar iad a bhainistiú nó a mhaolú. Ina theannta sin, cuirtear tuarascáil ar an Príomhrioscaí faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh ábhartha de chuid Bhord IÉ i bhfoirm Tuarascálacha faoi Mhionsonraí Riosca aonair, ina leagtar amach an fhaisnéis uile atá ar taifead ar an gCóras Faisnéise Bainistíochta Rioscaí a bhaineann leis an riosca atá i gceist.

Chun dearbhú breise a thabhairt go ndearnadh na rioscaí intuartha go léir a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhaint amach chuspóirí IÉ a aithint agus a bhainistiú, agus go gcuirfear Bord IÉ ar an eolas go leordhóthanach faoi na Príomhrioscaí atá ag bagairt ar an gCuideachta, gach bliain fostaíonn IÉ Comhlacht Dearbhaithe Rioscaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis bainistíochta rioscaí na Cuideachta. Ceanglaítear ar an gcomhlacht sin measúnú a dhéanamh ar leorgacht agus éifeachtacht na bpróiseas trína n-aithnítear rioscaí, trína gcuirtear in ord tosaíochta iad, agus trína ndéantar iad a bhainistiú agus a thuairisciú. Déantar torthaí an mheasúnaithe sin a dhoiciméadú i dtuarascáil a chuirtear faoi bhráid Choiste Iniúcháireachta agus Riosca IÉ agus Bhord IÉ.

Soláthar

Tá sé ina bheartas ag an gcuideachta cloí leis an reachtaíocht maidir le soláthar poiblí. Ní raibh aon chás intuairiscithe ag an gcuideachta inar tharla neamhchomhlíonadh le linn na bliana.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Ceanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfar athbhreithniú seachtrach ar bhonn tréimhsiúil ar éifeachtacht chreat bainistíochta rioscaí gach Comhlachta Stáit. Fostaíodh BDO chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Rioscaí na Cuideachta i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Fuarthas go raibh IÉ ag cloí leis an gCód.

Ina theannta sin, dearbhaíonn IÉ go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le rioscaí a bhainistiú agus a rialú. An faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann IÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, bíonn sé bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus na hiniúcháirí seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta in IÉ atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Dearbhaíonn IÉ go ndearna an Bord athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2024.

Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i leith na bliana 2024 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Faisnéis

Scaiptear tuarascálacha agus páipéir rialta ar na stiúrthóirí go tráthúil mar ullmhúchán i gcomhair cruinnithe boird agus cruinnithe coiste. Chomh maith leis na páipéir sin, scaiptear faisnéis arna hiarraidh go sonrach ag na stiúrthóirí ó am go chéile.

Faigheann na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais thréimhsiúla bhainistíochta agus tuarascálacha agus faisnéis bhainistíochta rialta a chuireann ar a gcumas dóibh grinnschrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta agus na foirne bainistíochta os coinne na gcuspoirí comhaontaithe.

Taifid chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí lena áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáid na Cuideachta i dtaobh leabhair chuntais chuí a choimeád leas a bhaint as córais agus nósanna imeachta cuí agus daoine a fhostú atá cáilithe go cuí. Coinnítear na taifid chuntasaíochta i gceannoifig na Cuideachta ag Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

Teagmhais ó Dheireadh na Bliana Airgeadais

Rinne na stiúrthóirí meastóireacht ar imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais agus tháinig siad ar an gconclúid nár tharla aon teagmhais a d'éileodh aitheantas nó nochtadh i ráitis airgeadais na Cuideachta.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Chuideachta lántiomanta do chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus do chomhlíonadh gach rialachán náisiúnta eile agus gach rialachán de chuid an Aontais Eorpaigh. Coinnítear an Córas Bainistíochta Sábháilteachta faoi athbhreithniú agus nuashonraítear ar bhonn leanúnach é.

An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005

Leanann Iarnród Éireann ag feidhmiú de réir an Achta um Shábháilteacht Iarnróid, 2005.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013

Tuigeann na stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar, i ngach cás ábhartha, forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú), 2013. Tá nósanna imeachta curtha chun feidhme d'fhonn na dátaí a bhfuil sonraisc dlite a aithint agus d'fhonn a áirithiú go ndéanfar gach íocaíocht roimh na dátaí sin. Le nósanna imeachta den sórt sin, tugtar dearbhú réasúnach i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha na rialachán. In 2024, íocadh €13,000 (2023: €17,000) san iomlán le soláthraithe tríú páirtí faoi na rialacháin.

Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair a cheapann stiúrthóirí na Cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar stiúrthóirí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024 nó a ceapadh ó shin i leith. D'fhóin siad mar stiúrthóirí ar feadh na bliana go léir mura luaitear a mhalairt.

Steve Murphy * ceaptha mar stiúrthóir an 15 Meitheamh 2023 agus mar Chathaoirleach 5 Eanáir 2024

- Suzy Byrne
- Sarah Roarty
- Thomas Wynne
- James Doran
- Patrick O'Donoghue
- Gwendoline Cazenave
- Thilde Pedersen

Seo thíos tinreamh na stiúrthóirí boird ag cruinnithe boird i rith na bliana 2024:

	Tinreamh
Steve Murphy	8/8
Suzy Byrne	8/8
Sarah Roarty	7/8
Tommy Wynne	8/8
James Doran	8/8
Patrick O'Donoghue	8/8
Gwendoline Casenave	5/8
Thilde Pedersen	7/8

Ní raibh leas ar bith ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí i scair ná bintiúr ar bith de chuid na Cuideachta, dá Cuideachta Sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana. Ní raibh aon chonarthaí ná socruithe ábhartha a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ag stiúrthóir i dtaca le gnó na Cuideachta.

Cothromaíocht Inscne ar an mBord

Amhail an 31 Nollaig 2024, mná arbh ea ceathrar (50%) de chomhaltaí an Bhoird agus fir arbh ea ceathrar (50%) acu, agus bhí post amháin le líonadh.

Fágann sé sin gur sháraigh an Bord sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne ar na Boird Stáit.

Tá na bearta seo a leanas beartaithe chun cothromaíocht inscne ar an mBord seo a choinneáil ar bun agus a chothú:

- Nuair a thagann folúntas ar bith i gceist, cuirfear an tAire ar an eolas más rud é go bhféadfadh aon impleacht a bheith ag an bhfolúntas sin i leith cothromaíocht inscne

Grúpaí Comhairleacha Iarnród Éireann

Tá na coistí agus na grúpaí comhairleacha seo a leanas bunaithe laistigh ag Iarnród Éireann agus é ina aidhm leo comhairle a chur ar an mbord maidir le gnéithe straitéiseacha agus gnéithe teicniúla agus athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar thograí ón lucht bainistíochta. Seo a leanas sonraí maidir leis na grúpaí a chuireann comhairle ar bhord Iarnród Éireann agus a gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin.

Coiste Sábháilteachta an Bhoird

Bunaíodh Coiste Sábháilteachta Bhord Iarnród Éireann chun comhairle a chur ar bhord Iarnród Éireann agus ar an lucht feidhmiúcháin maidir le saincheistanna a bhaineann le sábháilteacht na bpaísinéirí, na n-oibrithe, na gconraitheoirí, comharsan agus an phobail i gcoitinne. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

Tinreamh		
Sarah Roarty	Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann (Cathaoirleach)	2/5
James Doran	Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann	5/5
Tommy Wynne	Oibrí agus Stiúrthóir	5/5

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Is áis chumarsáide idir an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí, na hiniúcháirí seachtracha agus bord Iarnród Éireann é an Coiste seo de chuid Iarnród Éireann agus is áis atá ann freisin chun ráitis airgeadais bhliantúla, rialuithe inmheánacha, bainistíocht rioscaí agus próisis rialachais in Iarnród Éireann a athbhreithniú, tuairisc a thabhairt orthu agus moltaí a dhéanamh ina leith. Chomh maith leis sin, déanann sé príomhthátail na n-imscrúduithe inmheánacha a mheas, mar aon le tuarascálacha na n-iniúcháirí inmheánacha agus freagra an lucht bainistíochta.

Tinreamh		
Paul Dowling (Cathaoirleach)	Cathaoirleach CIR go dtí an 21 Meán Fómhair 2024	4/4
Thilde Pedersen	Comhalta de CIR go dtí an 1 Feabhra 2024	1/1
Gwendoline Cazenave	Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann	3/5
Sarah Roarty	Ceaptha ina Cathaoirleach an 21 Meán Fómhair 2024	4/5

An Grúpa Comhairleach um Acmhainní Daonna

Bunaíodh an Grúpa Comhairleach um Acmhainní Daonna lena chinntiú go bhfuil maoirseacht straitéiseach á déanamh ar an bhfiontar Acmhainní Daonna ar fad ar mhaithe le hathrú chun feabhais a bhaint amach in Iarnród Éireann. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

Tinreamh		
Sarah Roarty (Cathaoirleach)	Iarnród Éireann	1/1
Steve Murphy	Cathaoirleach Iarnród Éireann	1/1
Pat O'Donoghue	Iarnród Éireann	1/1

An Grúpa Comhairleach um Infheistíocht Chaipitiúil

Bunaíodh an grúpa seo in 2021 chun faireachán a dhéanamh ar chláir agus ar thionscadail infheistíochta caipitiúla, chun iarratais chuig an mBord a mheas agus chun dearcadh neamhspleách a sholáthar don Bhord ar na haschuir ón bhfaireachán agus ó na measúnuithe sin. Beartaítear go gcabhróidh an Grúpa Comhairleach leis an mBord dúshlán ar leibhéal cuí a thabhairt i leith na bainistíochta tionscadail sula ndéanfar príomhchinntí maidir le dearadh agus tógáil, struchtúr conarthaí, soláthar, rialú buiséad agus clár, agus bainistíocht éileamh. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

Tinreamh		
Patrick O'Donoghue (Cathaoirleach)	Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann	7/7
Thilde Pedersen	Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann	6/7
Colm Lynch	Comhairleoir Neamhspleách	7/7

An Grúpa Comhairleach um Sholáthar Seirbhíse

Bunaíodh an grúpa seo in 2021 chun bheith ina fhóram neamhfheidhmiúcháin ina bpléifí soláthar seirbhíse Iarnród Éireann, agus a chuirfeadh comhairle ar an lucht feidhmiúcháin nuair ba chúil sin. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

Tinreamh		
Tommy Wynne (Cathaoirleach)	Oibrí is Stiúrthóir	4/4
Philip O'Neill	Comhairleoir Neamhspleách	4/4
Suzy Byrne	Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann	4/4

Ráiteas um Chomhlíonadh ó na Stiúrthóirí

Mar a cheanglaítear le hAlt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, admhaíonn na stiúrthóirí go bhfuil na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go bhfuil an Chuideachta ag cloí lena cuid oibleagáidí iomchuí; agus

Dearbhaíonn na stiúrthóirí gur thugadar i gcrích na trí nós imeachta seo a leanas chun oibleagáidí na stiúrthóirí a chomhlíonadh i rith na bliana airgeadais:

- (a) ullmhaíodh 'ráiteas maidir le beartas comhlíontachta' ina leagtar amach beartais na cuideachta, a mheasann na stiúrthóirí atá iomchuí don chuideachta, maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí ag an gcuideachta.
- (b) cuireadh i bhfeidhm comhshocraíochtaí nó struchtúir iomchuí, a mheasann na stiúrthóirí atá dírithe ar a chinntiú go gcomhlíonfar go hábhartha oibleagáidí iomchuí na cuideachta; agus

- (c) rinneadh athbhreithniú le linn na bliana airgeadais ar aon chomhshocraíochtaí nó struchtúir atá curtha i bhfeidhm.

Rúnaí Cuideachta

Tá an Rúnaí Cuideachta freagrach as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, maidir le gach ceist rialachais. Tá fáil ag na stiúrthóirí uile ar chomhairle agus ar sheirbhísí ón Rúnaí Cuideachta. Foráiltear i mBunreacht na Cuideachta gur ábhar do na stiúrthóirí é ceapadh agus cur as oifig an Rúnaí Cuideachta.

Nochtadh faisnéise do na hIniúcháirí

I gcás gach duine a bhí ina stiúrthóir an tráth ar formheasadh tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais: Chomh fada agus is eol don stiúrthóir, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil iniúcháirí na cuideachta ar an eolas fúithi; agus tá gach beart déanta

ag gach stiúrthóir ar cheart don stiúrthóir a bheith déanta aige nó aici chun é féin nó í féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a shuíomh go bhfuil iniúcháirí na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.


Iniúcháirí

Tá na hiniúcháirí reachtúla, Mazars, ag leanúint ar aghaidh in oifig agus ag feidhmiú de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Thar ceann an bhoird



Steve Murphy
Cathaoirleach



Sarah Roarty
Stiúrthóir

Dáta: 17 Iúil 2025

Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách

Chuig Comhaltaí Iarnród Éireann

Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Iarnród Éireann ('an Chuideachta') don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024, ina gcuimsítear an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais na Cuideachta, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais thábhachtacha chuntasaíochta a leagtar amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus FRS 102, *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*, arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais ('FRS 102').

Is é ár dtuairim é maidir leis na ráitis airgeadais a ghabhann leis seo:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar an gcaillteanas a rinne sí i leith na bliana airgeadais dar chríoch ar an dáta sin;
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir FRS 102; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin sa chuid *Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais* den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eitice eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuairamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, thángthamar ar an gconclúid gur cuí an úsáid atá á baint ag na stiúrthóirí as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon ábhar neamhchinnteachta ábhartha a bhaineann le teagmhais nó cúinsí a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó le chéile, amhras nach beag a chaitheamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais.

Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orainne agus ar na freagrachtaí atá ar na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúcháir uainne ina leith. Ní chuimsítear an fhaisnéis eile sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais eile ná, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, níl conclúid dearbhaithe d'aon chineál á tabhairt againn ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus féachaint an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuairamar le linn an iniúchta, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aimsímid neamhréir ábhartha den sórt sin nó ráitis a ndearraíonn sé gur míráitis ábhartha iad, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Tuairim ar nithe eile a leagtar síos in Acht na gCuideachtaí, 2014

Ar bhonn na hoibre a rinneamar agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn, tuairiscimid:

- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais a bhfuil na ráitis airgeadais á n-ullmhú ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme;
- go raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta, cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntais.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid, de réir mar is fearr is eol dúinn agus mar a chreidimid, a bheith riachtanach chun ár n-iniúchadh a dhéanamh.

Nithe nach mór dúinn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachta

Ar bhonn an eolais agus na tuisceana ar an gCuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aimsíomar aon mhíríteas ábhartha i ráiteas na stiúrthóirí.

Faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt daoibh más rud é, dar linn, nár chomhlíon an Chuideachta ceanglais aon cheann d'Ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí. Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Faoi gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) ('an Cód Cleachtais'), ceanglaítear orainn tuairisciú daoibh más rud é nach dtugtar léiriú go gcomhlíonann an Chuideachta alt 1.9(iv) den Chód Cleachtais sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh a cheanglaítear a bheith ann faoi gCód Cleachtais, mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorporáidigh atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí, nó más rud é go bhfuil an ráiteas sin ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Freagrachtaí faoi seach

Na freagrachtaí atá ar na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa ráiteas maidir leis na freagrachtaí atá ar na stiúrthóirí ar leathanach 32, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais is infheidhme, as a bheith deimhin gur léargas fíorcheart a thugtar iontu, agus as cibé rialú inmheánach a chinneadh an lucht bainistíochta is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura rud é go bhfuil sé i gceist ag an lucht bainistíochta an Chuideachta a leachtú nó scor de na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaióch acu ach é sin a dhéanamh.

Na freagrachtaí atá ar an iniúcháir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspoirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúcháir a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh ar na dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfadh coinne réasúnach a bheith leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha a dhéanadh úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar na freagrachtaí atá orainn as iniúchadh na ráiteas airgeadais ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an cur síos sin ina chuid dár dtuarascáil iniúcháir.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúcháireachta agus na daoine dá bhfuilimid freagrach

Tá ár dtuarascáil á cur faoi bhráid chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúcháireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúcháir agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar thángthamar orthu.



Tommy Doherty

ar son agus thar cheann Forvis Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla
Ionad Fhearchair, Bloc 3
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Dáta: 21 Iúil 2025

Ráiteas Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

	Notaí	2024 €'000	2023 €'000
Ioncam ó oibríochtaí		77,688	72,201
Fáltais ó chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí		392,705	365,109
Cistiú eile ón Stát		197,242	198,078
Ioncam iomlán	3	667,635	635,388
Costais			
Costais phárolla agus costais ghaolmhara	5	(335,975)	(315,943)
Costais ábhar agus seirbhísí	6	(322,085)	(303,619)
Iomlán na gcostas		(658,060)	(619,562)
Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh		9,575	15,826
Míreanna eisceachtúla	7	(687)	(698)
Dímheas glan ar amúchadh deontas caipitiúil	8	(7,954)	(6,710)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe		256	–
Barrachas roimh ús agus cháin		1,190	8,418
Ús faighte/(íoctha) agus muirir dá shamhail	9	548	990
Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin		1,738	9,408
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	10	(2,121)	(1,905)
(Caillteanas)/Barrachas don bhliain airgeadais		(383)	7,503

Clár Comhardaithe

Amhail an 31 Nollaig 2024

	Notáí	2024 €'000	2023 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	12	13,836	13,843
Sócmhainní inláimhsithe	13	2,148,778	1,921,645
		2,162,614	1,935,488
Sócmhainní reatha			
Stoic	14	103,092	93,398
Féichiúnaithe	15	354,120	388,532
Airgead sa bhanc agus ar láimh		11,178	9,415
		468,390	491,345
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	16	(582,254)	(621,116)
Glandliteanas reatha		(113,864)	(129,771)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		2,048,750	1,805,717
Ioncam iarchurtha	18	(1,940,601)	(1,699,071)
Soláthairtí in aghaidh dliteanas	19	(54,464)	(52,578)
		53,685	54,068
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	20	194,270	194,270
Cuntas brabúis agus caillteanais – easnamh		(140,585)	(140,202)
Iomlán Gnáthscaire		53,685	54,068

Thar ceann an bhoird



S Murphy Uasal
Cathaoirleach



Sarah Roarty
Stiúrthóir

Dáta: 17 Iúil 2025

Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

An Bhliain Airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

	Scair- chaipiteal Glaoite €'000	Brabúis agus Caillteanais €'000	Caipiteal Gnáth- scaireanna Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023	194,270	(147,705)	46,565
Barrachas don bhliain airgeadais	–	7,503	7,503
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	–	–	–
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	–	7,503	7,503
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	194,270	(140,202)	54,068
Caillteanas don bhliain airgeadais	–	(383)	(383)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	–	–	–
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	–	(383)	(383)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	194,270	(140,585)	53,685

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

	Notaí	2024 €'000	2023 €'000
Airgead glan (eis-sreafa)/ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	21	1,679	(53,258)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe		(344,541)	(328,719)
Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe		(4,179)	(5,898)
Fáltais ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe		256	–
Fáltas ó mhaoiniú stáit agus ón Aontas Eorpach		343,444	330,945
Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(5,020)	(3,672)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús faighte/(íoctha)		548	990
Maoiniú idirchuideachta		4,556	63,726
Airgead iomlán arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe		5,104	64,716
Glanmhéadú ar airgead agus coibhéisí airgid		1,763	7,786
Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		9,415	1,629
Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig		11,178	9,415
Cuimsítear san airgead agus sna coibhéisí airgid:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		342	338
Banc		482	1,248
Banc sealbhaithe thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair		10,354	7,829
		11,178	9,415

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Ráiteas maidir le comhlíonadh, gníomhaíochtaí agus úinéireacht

(a) Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmháíodh ráitis airgeadais Iarnród Éireann, uimhir chláráithe 119571, Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, ar bhonn gnóthas leantach de réir Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (Caighdeán Chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais na Ríochta Aontaithe), lena n-áirítear comhlíonadh Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

(b) Gníomhaíochtaí agus úinéireacht

Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ), ar fochuideachta de é Iarnród Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar tír ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Is é Iarnród Éireann príomhsholáthraí na hÉireann i dtaobh iompar ar iarnród.

Baineann ráitis airgeadais na Cuideachta le gníomhaíochtaí Iarnród Éireann agus leo sin amháin.

Achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta agus na teicnící suntasacha meastacháin a glacadh agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus cailteanais oiriúnaithe ag na stiúrthóirí ar bhealach is cuí do chineál gnó na Cuideachta.

Is le Córas Iompair Éireann 100% de scairchaipiteal cothromais Iarnród Éireann ('IÉ').

Is é Córas Iompair Éireann a ullmhaíonn ráitis airgeadais ghrúpa, dá bhfuil Iarnród Éireann ina bhall. Féadfar cóipeanna de ráitis airgeadais ghrúpa Chóras Iompair Éireann a fháil ón Rúnaí Cuideachta ag Córas Iompair Éireann, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

(a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmháíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil; féach Nóta 2 sna Ráitis Airgeadais i gcomhair tuilleadh sonraí.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe a bhaineann leis an todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Ceanglaítear freisin go ndéanadh na stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (v) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, cheadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintiteas incháilithe. Bhain an Chuideachta leas as díolúine ar son comhardaithe páirtithe gaolmhara le fochuideachtaí eile lastigh de Ghrúpa CIÉ.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(b) Ioncam

Cuimsíonn an t-ioncam oll-luach na seirbhísí arna soláthar. Déantar an t-ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithníonn Iarnród Éireann ioncam sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Oibríochtaí Iarnróid maoiniú ón ÚNI chun seirbhísí a sheachadadh faoin gconradh um dhámhachtain dhíreach OSP. Aithnítear maoiniú OSP conarthach chun seirbhísí a sholáthar faoi théarmaí an chonartha mar ioncam sa bhrabús agus sa chaillteanas de réir FRS102.

Aithnítear an t-ioncam ó lastas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear an t-ioncam ó Europort Ros Láir sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear ioncam ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíochtaí éagsúla eile le linn thréimhse an chonartha ábhartha. Déantar ioncam ó fhógraíocht a thuilleadh ó chonarthaí dhá mhí agus conarthaí ráithiúla agus faightear an t-ioncam sin ar bhonn riaráisteach.

Aithnítear ioncam ó choimisiúin nuair a sholáthraítear an tseirbhís don chustaiméir.

Aithnítear ioncam eile tríú páirtí tráth a thuillte, nó ag an bpointe seirbhíse, sa mhéid is gur aithníodh costais iomchuí atá in-aisghabhála i gcoinne an ioncaim sin sa tréimhse.

(c) Costais ábhar agus seirbhísí

Cuimsítear le costais Ábhar agus Seirbhísí na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Iarnród Éireann ó lá go lá, seachas costais dímhéasa agus amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh ar leithligh sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus a nochtadh ar leithligh sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(d) Costais eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus caillteanais Iarnród Éireann, aithnítear torthaí oibriúcháin ar leithligh roimh mhéireanna sonracha. Is iad na méireanna sonracha iad siúd a mheasann na stiúrthóirí nach mór iad a nochtadh ar leithligh mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Chuideachta go n-éascaíonn an cur i láthair sin d'anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar chostais eisceachtúla dá bharr. Áirítear le costais den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach', baintear leas as breithiúnas cáilíochtúil agus breithiúnas cainníochtúil na stiúrthóirí agus measúnú á dhéanamh ar na costais arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineáil, go nochtar sa chuntas brabúis agus caillteanais agus sna nótaí gaolmhara iad i gcáil costais eisceachtúla.

(e) Airgeadra eachtrach

(i) Airgeadra feidhmiúil a gus airgeadra tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na Cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€', agus, mura luaitear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€'000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbheart agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhála agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníochta agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi chostais ábhair agus seirbhíse.

(f) Deontais ón Aontas Eorpach agus maoiniú stáit

Aithníonn Iarnród Éireann maoiniú rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhráithe faoi FRS 102.

(i) Maoiniú i gcomhair caiteachas caipitiúil

Déantar maoiniú i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus aithnítear iad san ioncam thar shaol eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní gaolmhara.

(ii) Maoiniú ioncaim

Aithnítear maoiniú ioncaim mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina dtabhaítear na costais bhainteacha a bhfuil an ioncam beartaithe lena gcúiteamh.

(iii) Maoiniú faoin gConradh Ilbhliantúil Bainisteora Bonneagair

Aithnítear maoiniú um Bainisteoir Bonneagair faoi Chonarthaí Ilbhliantúla mar ioncam iarchurtha nó láithreach mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais, trí thagairt don bhonnghníomhaíocht a bhfuil an deontas ceaptha lena cúiteamh. An maoiniú chaipitil faoin gConradh Ilbhliantúil a chuirtear chun sochair an ioncaim iarchurtha sa chlár comhardaithe, déantar iad a amúchadh thar shaol eacnamaíoch tuartha na sócmhainní gaolmhara.

(g) Nóta faoi thuairisciú teascánach

Tuairiscítear ar theascáin oibriúcháin ar bhealach atá i gcomhréir le struchtúr bainistíochta inmheánaí Iarnród Éireann agus an fhaisnéis airgeadais inmheánach arna soláthar do Phríomh-Chinnteoirí Oibriúcháin na cuideachta (na stiúrthóirí feidhmiúcháin) atá freagrach as cinntí straitéiseacha a dhéanamh, acmhainní a leithdháileadh, agus faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht gach teascáin. Is ionann an toradh oibriúcháin a thuairiscítear go himmheánach de réir an teascáin agus an príomhbheart a úsáidtear chun feidhmíocht na dteascán oibriúcháin laistigh den chuideachta a mheasúnú.

Chinn Iarnród Éireann go bhfuil cúig theascán aige ar ghá tuairisciú a dhéanamh orthu Gnóthas Iarnróid, Bainisteoir Bonneagair Iarnróid, Lasta Iarnróid, Europort Ros Láir agus Gníomhaíochtaí Lárnacha agus Eile. Oibríonn teascán an Ghnóthais Iarnróid gnó na bpaisinéirí faoin gconradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a dhámh an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Déanann teascán an Bhainisteora Bonneagair Iarnróid an tsócmhainn bonneagair a bhainistiú, a chothabháil agus a athnuachan, a mhaoineítear ó tháillí Rochtana agus ón gConradh Ilbhliantúil. Soláthraíonn an teascán Lasta Iarnróid seirbhísí iompair chun earraí a iompar d'Iarnród. Oibríonn teascán Europort Ros Láir an dara calafort is gnóthaí sa tír ó thaobh gluaiseachtaí loinge de, le haghaidh trácht turasóirí agus lasta aonadaithe. Soláthraíonn teascán na nGníomhaíochtaí Lárnacha agus Eile seirbhísí comhroinnte don eagraíocht agus tá an gnó Loingseoireachta ina chuid de sin – lena soláthraítear saoraidí iompair ar bhóthar don mhótarthionscal go príomha.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(h) Sochair na bhfostaithe

Cuireann an Chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearachta agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

Sochair iarfhostaíochta

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéimeanna pinsean le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochair sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in

éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Iarnród Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 23.

(i) Ús

(i) Ús infhála

Cuirtear an t-ús a thuilltear chun sochair don chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse inar tuilleadh é.

(ii) Ús iníoctha

Cuirtear costais a bhaineann le hiasachtaí de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse inar tabhaíodh iad.

(j) Páirtithe gaolmhara

Fochuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Iarnród Éireann. Nochtann Iarnród Éireann idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht ag an ngrúpa (féach Nóta 25). Tá díolúine ag an gCuideachta i leith nochtadh idirbheart le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

(k) Cánachas

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chothromas leis an idirbheart nó an teagmhas eile as a dtig an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híos de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais. Sa chás go ríomhtar brabúis trádála coigeartaithe cánach, tugtar caillteanais chánach ar aghaidh agus úsáidtear iad chun iad a fhritháireamh i gcoinne na mbrabús sin.

(ii) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dlíteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

(l) TRÚCDA

Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímheas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndéontas caipitil arna bhfáil.

(m) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar na bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

(n) Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais infheidhme i dtaobh baint ó chéile, tabhairt chun bealaigh agus athchóirithe.

(i) Línte iarnróid agus oibreacha iarnróid

Gréasán córas atá i gceist leis na línte iarnróid agus na hoibreacha iarnróid.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus méid breise a chuirtear leis na sócmhainní seasta inláimhsithe, agus déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar a shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha.

Costais fostaithe chaipitlithe agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne, áirítear iad sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

An caiteachas ar an ngréasán reatha, lena bhféachtar chuige go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, áirítear mar chothabháil é agus cuirtear é de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais. Caitear le haon deontas bainteach ar an gcaoi chéanna agus cuirtear i láthair é sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(ii) Rothstoc iarnróid

Déantar na hinnill traenach, na carranna iarnróid, an stoc cóistí agus na vaigíní seachas iad sin atá lán-dímheasta nó a fhaightear gan aon chostas, a dhímheas ar bhonn a gcostais stairiúil agus é leithdháilte thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(iii) Feithiclí lastais bóthair

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(iv) Dugaí, calafoirt agus céanna; trealamh agus innealra

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(v) Talamh agus Foirgnimh

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar foirgnimh a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(vi) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Déantar dímheas ar shócmhainní, ach amháin talamh, a ríomh de réir na modhanna dímheasa agus an tsaoil úsáidigh thuartha, mar seo a leanas:

Línte agus oibreacha iarnróid	modh an mhéid chothroim	10-40 bliain
Rothstoc iarnróid	modh an mhéid chothroim	4-20 bliain
Gléasra agus innealra	modh an mhéid chothroim	3-30 bliain
Comharthaíocht	modh an mhéid chothroim	10 mbliana
Dugaí, cuanta agus céanna	modh an mhéid chothroim	50 bliain
Trealamh lónadóireachta	modh an mhéid chothroim	5-10 mbliana
Foirgnimh ruílse	modh an mhéid chothroim	50 bliain
Droichid	modh an mhéid chothroim	120 bliain
Feithiclí lastais bóthair	modh an mhéid chothroim	1-10 mbliana

Ceapadh raon na mblianta chun saol eacnamaíochta éagsúil na gcomhpháirteanna éagsúla in aicme sócmhainní a chur in iúl. Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

(vii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain

Ní dhéantar costais iardain a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair gheilleagracha a bhaineann leis an mír i ndán don Chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaoifa.

Aithnítear suim ghlanluacha aon chomhpháirte ionaid. Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair gheilleagracha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear deisiúcháin agus obair chothabhála de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(viii) Dí-aithint

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar geilleagrach sa todhchaí. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháltais diúscairthe agus an tsuim ghlanluacha a aithint mar bhrabús nó mar chaillteanas.

(o) Sócmhainní oidhreachta

Tá roinnt sócmhainní oidhreachta ag Iarnród Éireann: feithiclí a bhíodh sa fhlít den chuid is mó, agus plátaí, suaithiantais agus déantáin éagsúla. Ní dhéantar na sócmhainní a chothabháil díreach as ucht an mhéid a chuireann siad le heolas agus cultúr agus tá go leor iarshócmhainní oibriúcháin i gceist leo.

Mar gheall ar chineál na sócmhainní atá ar seilbh agus an easpa margadhluachanna inchomparáide, bheadh an costas a bhainfeadh le luacháil na sócmhainní oidhreachta atá ag Iarnród Éireann chomh mór nach mbeadh sé i gcomhréir leis na sochair a sholáthrófaí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais.

(p) Stoic

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna spártha, breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar an stoc breosla a luacháil ar a mheánchostas ualaithe nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Déantar an stoc neamhbhreasla a luacháil ar a chostas nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar stoic a mheasúnú le haghaidh lagaithe agus déantar foráil maidir le stoic a mheastar a bheith lagaithe.

Déantar stoc Innealtóireachta Sibhialta (FOS) agus Comharthaíochta (CTL) a aicmiú ina stoc gluaiseachta agus stoc neamhghluaiseachta. Cuirtear soláthar i bhfeidhm ar an stoc neamhghluaiseachta, bunaithe ar an bhfad ama ó bogadh an stoc le déanaí. Cuirtear soláthar sa bhreis i bhfeidhm ar an gcuid bhreise den 'stoc gluaiseachta' ag brath ar an leibhéal stoic ar lámh a bhfuil níos mó ná 2 bhliain úsáide bainte as.

Déantar stoc Innealtóireachta Meicniúla (IM) a aicmiú mar stoc straitéiseach, stoc cláir agus stoc inchaite. Déantar soláthar i leith gach aicme ag brath ar aois an stoic.

I gcás trealamh fuireachais nó mórfháirteanna spártha speisialaithe atá ar seilbh chun críocha athsholáthair agus a cheapar a mbainfear úsáid astu le linn níos mó ná tréimhse amháin, coinnítear ar seilbh iad i gcáil sócmhainní seasta inláimhsithe de réir FRS 102.

(q) Airgead agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, agus infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile ag a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sa dliteanas reatha. Déantar airgead agus coibhéisí airgid a thomhas ar dtús ar an bpraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta.

Ní airgead ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíocht bhunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim cistí a fhaightear thar ceann agus le haghaidh seoltáin chuig an ÚNI i ndáil le díolachán ticéad paisinéirí iarnróid agus carrchlós stáisiúin mar a oibrítear iad faoi chonradh comhlán OSP.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(r) Ionstraimí airgeadais

(i) Sócmhainní airgeadais

Roghnaigh an Chuideachta forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gCuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúpchuideachtaí agus airgead agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltais sa todhchaí arna lascaíniú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocrúithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar a gcostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascaíniú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a bheith bainteach go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis an lagú a aithint, aisiompaítear an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe seo. Tá an t-aisiompú chomh mór sin nach sáraíonn an méid reatha iompair an méid carraeireachta mura n-aithneofaí an caillteanas lagaithe roimhe seo. Aithnítear an t-aisiompú lagaithe i mbrabús nó i gcaillteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conartha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocráítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húnéireacht na sócmhainne airgeadais, nó (c) ar aistriú rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

(ii) Dlíteanais airgeadais

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dlíteanas airgeadais bunúsach ar an gCuideachta, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, agus iasachtaí ó chuideachtaí sa ghrúpa céanna, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dlíteanas airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascaíniú ar an ráta margaidh úis i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí eile, agus dlíteanais airgeadais ó shocrúithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar mhéideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a dhéantar an dlíteanas a mhúchadh, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonartha a chomhlíonadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

(s) Soláthairtí agus teagmhais**(i) Soláthairtí**

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta mar gheall ar theagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochair gheilleagraigh de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ar ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh an Cuideachta ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí iarnróid, soláthairtí a bhaineann le pá, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

(ii) Dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an gCuideachta sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagraich.

(iii) Soláthairtí i dtaobh éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóra

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Chuideachta fós.

Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(t) Sócmhainní léasaithe

(i) Léasanna airgeadais

Faoi léasanna airgeadais, aistrítear rioscaí agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. I dtosach an téarma léasa airgeadais, aithníonn an Chuideachta a ceart úsáide agus an oibleagáid atá uirthi faoi léas airgeadais mar shócmhainn agus dliteanas ag méid is ionann agus luach cóir na sócmhainne ar léas, nó más rud é gur luach níos ísle atá i gceist, ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh ar an ráta úis atá intuigthe sa léas. Tá caiteachas caipitiúil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Tá sciar caipitiúil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh leis na creidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

(ii) Léasanna oibriúcháin

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(u) Caipiteal gnáthscaireanna

Tá gnáthscaireanna na Cuideachta ar lánúinéireacht ag CIÉ. Déantar an gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(v) Meastacháin agus toimhdí ríthábhachtacha cuntasaíochta

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínte, is annamh a bheidh na meastacháin cuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhrí a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe

Tagann athrú ar an muirear amúchta bliantúil i gcás sócmhainní seasta doláimhsithe agus ar an muirear dímheasa i gcás sócmhainní seasta inláimhsithe ag brath ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus an riocht ina bhfuil na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe i leith gach aicme sócmhainní leagtha amach i nóta 12 agus nóta 13.

(ii) Scéim pinsean sochar sainithe

Tá sé d'oibleagáid ar ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear toimhdí i leith: ionchas saoil, méaduithe tuarastail agus an ráta lascaire ar bhannaí corparáideacha. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 23.

(iii) Soláthairtí i dtaobh éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóra

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Chuideachta fós.

Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

2. Gnóthas leantach**Stad airgeadais**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2024 Iarnród Éireann ar bhun gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngó ar feadh tréimhse ar a laghad dhá mhí dhéag ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tá mionbhreithniúchán déanta ag na Stiúrthóirí ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh ag an am seo agus tá siad sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2024 ar an bhun seo.

I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

Stad airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2024

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí glansócmhainní dar luach €53.7m (2023: €54.1m) agus glansócmhainní reatha dar luach €113.9m (2023: €129.8m) ag Iarnród Éireann.

Mar chuid de na glandhliteanais reatha áirítear dliteanais neamh-airgid dar luach €436.0m (2023: €492.7m) a bhaineann le hioncam iarchurtha maidir le deontais chaipitil agus le hioncam. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamh-airgid sin san áireamh, bhí glansócmhainní ag an gCuideachta dar luach €322.1m (2023: glansócmhainní reatha €362.9m).

Neamhchinnteactaí eacnamaíoch domhanda

Leanann fachtóirí geopholaitiúla lena n-áirítear taraifí trádála féideartha, ag cur le roinnt rioscaí ginearálta gnó. Léiríonn ciorruithe ar rátaí úis laghdú ar bhoilsciú i dtreo spriocleibhéal an AE, ach léiríonn moilliú eacnamaíoch ar fud an AE éiginnteacht eacnamaíoch.

Geilleagar baile

Leanann geilleagar na hÉireann ag feidhmiú go maith atá léirithe ag an éileamh láidir ar sheirbhísí do phaisinéirí. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomh-éiginnteactaí atá os comhair Iarnród Éireann mar seo a leanas:

- Ón 1 Eanáir 2023 bhí Iarnród Éireann ag obair faoi chonradh comhlán oibleagáide seirbhíse poiblí (OSP).
- Nach mbeidh CIÉ in ann Litir Tacaíochta a sholáthar do IÉ.
- Laghdú ar mhaoiniú ón Stáchtiste faoi bhun na leibhéal riachtanach chun a chumasú do IÉ ceanglais chonartha OSP agus CIBB a chomhlíonadh.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Conarthaí dírdhámhachtana

Le linn 2019 bhronn an Údarás Náisiúnta Iompair conradh dírdhámhachtana deich mbliana ar Iarnród Éireann. Rinneadh conradh ollchostais den chonradh ón 31 Eanáir 2023. Faoi bhun chonartha ollchostais tá freagracht ioncaim ar an ÚNI. Íocfaidh an ÚNI as na costais ollmhóra a bhaineann leis na seirbhísí conarthacha a sholáthar. Aithnítear maoiniú OSP conarthach chun seirbhísí a sholáthar faoi théarmaí an chonartha mar ioncam sa bhrabús agus sa chaillteanas de réir FRS102.

Bliain airgeadais 2024

Leanann Iarnród Éireann ag feidhmiú seirbhísí OSP de réir an Chonartha um Dhámhachtain Dhíreach. Ón 1 Eanáir 2023 d'fheidhmigh an cuideachta faoi chonradh comhlán faoina gcuirfidh an ÚNI maoiniú OSP ar fáil don cuideachta chun an costas a bhaineann le seirbhísí OSP a oibriú lena n-áirítear seirbhísí riachtanacha ach neamheacnamaíocha a íoc. Coinníonn an ÚNI ioncam ó bhosca táillí. Ullmhaíodh Buiséad 2025 ar an mbonn go gcuirfear maoiniú ar fáil chun freastal ar an gcostas a bhaineann le seirbhísí OSP a oibriú. Thug an ÚNI agus an Roinn Iompair le fios go gcuirfidh maoiniú breise atá riachtanach ar fáil le leanúnacht na seirbhísí rithábhactacha seo a chinntiú. Ba mhaith leis na Stiúthóirí an tacaíocht maoinithe Stáitchiste breise a fuarthas ón ÚNI agus an Stáitchiste ó thús na paidéime a chumasaigh oibriú leanúnach seirbhísí iompair poiblí riachtanacha a aithint.

D'fheidhmigh an cuideachta ar bhonn conartha ollchostais OSP i 2024. I gcainteanna le IÉ, thug an ÚNI le fios go leanfaidh siad le maoiniú IÉ, ag brath ar athbhreithniú rathúil idir an dá phairtí.

Is gné riachtanach i measúnú an stiúthóra ar staid airgeadais na cuideachta é breithniú a dhéanamh ar an toimhde go gcuirfear leibhéil chuí maoinithe OSP ar fáil in 2025. Tá na stiúthóirí sásta go:

- bhfuil sé fós ar intinn ag an ÚNI Iarnród Éireann a mhaoiniú chun na Seirbhísí OSP a iarradh a oibriú.
- gheobhaidh an ÚNI maoiniú leordhóthanach ón Stáitchiste d'fhonn Conradh OSP Iarnród Éireann a mhaoiniú.

Rinne na Stiúthóirí macnamh ar an eolas cuí ar fad le cinneadh a dhéanamh faoi réasúntacht a gconclúid i dtaca le soláthar maoiniú mar sin. Bhí macnamh ar rannpháirtíocht bainistíocht le príomhsheallbhóirí, chomh maith le gach eolas cuí ar fáil go poiblí.

Gníomhaíochtaí tráchtála

Táthar ag súil go seachadfaidh an gnó barrachas i 2025 agus 2026 agus tá na stiúthóirí sásta, nach bhfuil ceist gnóthas leantach don cuideachta.

Gníomhaíochtaí bainistíochta leanúnacha

Leanann bainistíocht Iarnród Éireann ag cur líon gníomhaíochtaí i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leanúnach leis an ÚNI i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach Conarthaí Dírdhámhachtana OSP
- dianmhonatóireacht ar cheisteanna le tionchar ar Sheirbhísí Trachtála
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud na Cuideachta
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas
- mionmeasúnuithe ar mholtaí Infheistíochta Caipitiúla agus a éifeacht ar leachtacht
- athbhreithniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí na Cuideachta

Grúpa CIÉ

Feidhmíonn an Grúpa córas cisteáin chomhthiomsaithe agus braitheann Iarnród Éireann ar shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa chun a chuid oibríochtaí a bhainistiú i gcomhréir leis an bplean gnó formheasta. Tá fianaise ar thacaíocht leanúnach an Ghrúpa d'Iarnród Éireann sa Litir Thacaíochta ó CIÉ chuig Iarnród Éireann dar dáta an 2 Aibreán 2025. Deirtear sa litir "Is é beartas CIÉ é go fóill go mbeidh an Chuideachta i gcónaí in ann a dliteanas a íoc. Leanfaidh CIÉ air ag feidhmiú a chearta scairshealbhóra agus a oibleagáidí reachtúla d'fhonn a chinntiú go mbainistíonn an Chuideachta a hoibríochtaí i gcomhréir lena pleananna gnó formheasta agus ar bhealach lena gcuirfear ar a cumas di a cuid oibleagáidí go léir a chomhlíonadh go tráthúil. Cuirfidh CIÉ ar fáil an tacaíocht airgeadais is gá ionas gur féidir leis an gCuideachta leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus ag leachtú a cuid dliteanas i ngnáthchúrsa an ghnó ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta ar síníodh na ráitis airgeadais." [aistriúchán ón mBéarla].

Buiséad Comhdhlúite Ghrúpa CIÉ

D'fhormheas Bord CIÉ buiséad grúpa comhdhlúite i leith 2025 i mí Feabhra 2025. Bunaithe ar fheidhmiú leanúnach na gconarthaí dírdhámhachtana ar an mbonn a comhaontaíodh, léirítear i mbuiséad comhdhlúite an Ghrúpa do 2025 go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa chun na caillteanas a réamh-mheastar a tharlóidh sa tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais seo a iompar.

Focal Scoir

Tá ionchas réasúnach ag stiúrthóirí Iarnród Éireann, ag féachaint do na cúinsí a leagtar amach thuas, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gcuideachta chun leanúint ag feidhmiú ar bhonn oibríochtúil ar feadh 12 mhí ar a laghad ón dáta ar formheasadh na ráitis airgeadais seo, agus measann siad gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3. Anailís de réir rannán ar an gcuntas brabúis agus caillteanais

Chinn Iarnród Éireann go bhfuil cúig theascán aige ar ghá tuairisciú a dhéanamh orthu Gnóthas Iarnróid, Bainisteoir Bonneagair Iarnróid, Lasta Iarnróid, Europort Ros Láir agus Gníomhaíochtaí Lárnacha agus Eile. Oibríonn teascán an Ghnóthais Iarnróid gnó na bpaisinéirí faoin gconradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a dhámh an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Déanann teascán an Bhainisteora Bonneagair Iarnróid an tsócmhainn bonneagair a bhainistiú, a chothabháil agus a athnuachan, a mhaoinítear ó tháillí Rochtana agus ón gConradh Ilbhliantúil. Soláthraíonn an teascán Lasta Iarnróid seirbhísí iompair chun earraí a iompar d'Iarnród. Oibríonn teascán Europort Ros Láir an dara calafort is gnóthaí sa tír ó thaobh gluaiseachtaí loinge de, le haghaidh trácht turasóirí agus lasta aonadaithe. Soláthraíonn teascán na nGníomhaíochtaí Lárnacha agus Eile seirbhísí comhroinnte don eagraíocht agus tá an gnó loingseoireachta ina chuid de sin – lena soláthraítear saoráidí iompair ar bhóthar don mhótarthionscal go príomha.

(A) Gnóthas Iarnróid

	2024 €'000	2023 €'000
Foinsí ioncaim		
Ioncam	492	499
Oibleagáid Seirbhíse Poiblí	392,705	365,109
Cistiú eile ón Stát	539	251
Ioncam iomlán	393,736	365,859
Costais oibriúcháin		
Costais phárolla agus costais ghaolmhara	(165,360)	(156,091)
Ábhair agus seirbhísí	(97,759)	(98,294)
Breosla	(50,753)	(36,277)
Iomlán na gcostas oibriúcháin	(313,872)	(290,662)
Barrachas oibriúcháin roimh mhuirir rochtana rianta	79,864	75,197
Muirear rochtana rianta	(75,000)	(70,800)
TRÚCDA	4,864	4,397
Costais eisceachtúla	(116)	(118)
Dímheas agus amúchadh, glan ar amúchadh deontas caipitiúil	(1,505)	(1,482)
Caillteanas ar dhíolachán shócmhainní inláimhsithe	(22)	–
Barrachas roimh ús agus cháin	3,221	2,797
Ús infhála agus muirir dá shamhail	64	443
Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	3,285	3,240
Cáin ar an bharrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	–	–
Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach	3,285	3,240

(B) Bainisteoir bonneagair iarnróid

Tá costais Rannáin an Bhonneagair Iarnróid ríofa mar seo a leanas de réir Threoir AE 91/440 ón gComhairle:

	2024 €'000	2023 €'000
Foinsí ioncaim		
Conradh Ilbhliantúil	193,532	190,765
Muirir rochtana rianta	75,412	71,917
Deontais Stáitchiste eile	2,805	6,940
Ioncam tríú páirtí	51,813	46,943
Ioncam iomlán	323,562	316,565
Ioncam na gcostas oibriúcháin		
Costais phárolla agus costais ghaolmhara	(140,442)	(132,395)
Ábhair agus seirbhísí	(181,682)	(176,394)
Breosla	(121)	(80)
Iomlán na gcostas oibriúcháin	(322,245)	(308,869)
TRÚCDA	1,317	7,696
Míreanna eisceachtúla	(571)	(580)
Dímheas agus amúchadh, glan ar amúchadh deontas caipitiúil	(3,657)	(3,806)
Caillteanas ar dhíol sócmhainní seasta inláimhsithe	(4)	–
(Easnamh)/Barrachas roimh ús agus cháin	(2,915)	3,310
Ús (iníoctha)/infhála agus muirir dá shamhail	(40)	599
(Easnamh)/Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	(2,955)	3,909
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	(1,922)	(1,536)
(Easnamh)/Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach	(4,877)	2,373

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)***(C) Rannán lastais iarnróid**

	2024 €'000	2023 €'000
Ioncam	3,653	4,559
Ioncam iomlán	3,653	4,559
Costais oibriúcháin		
Costais phárolla agus costais ghaolmhara	(681)	(905)
Ábhair agus seirbhísí	(1,494)	(2,187)
Breosla	(638)	(597)
Costais oibriúcháin	(2,813)	(3,689)
Barrachas oibriúcháin don bhliain airgeadais roimh mhuirir rochtana rianta	840	870
Muirir rochtana rianta	(412)	(1,117)
TRÚCDA	428	(247)
Dímheas	(40)	(2)
Brábús ar díol sócmhainní seasta inláimhsithe	283	–
Barrachas/(Easnamh) roimh ús agus cháin	671	(249)
Ús faighte/(íoctha) agus muirir dá shamhail	53	11
Barrachas/(Easnamh) don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	724	(238)
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	–	–
Barrachas/(Easnamh) don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach	724	(238)

(D) Rannán Europort Ros Láir

	2024 €'000	2023 €'000
Ioncam	15,946	14,883
Ioncam iomlán	15,946	14,883
Costais oibriúcháin		
Costais phárolla agus costais ghaolmhara	(7,100)	(6,204)
Ábhair agus seirbhísí	(8,161)	(6,677)
Iomlán na gcostas oibriúcháin	(15,261)	(12,881)
TRÚCDA	685	2,002
Dímheas glan ar dheontais chaipitiúla amúchta	(1,189)	(1,217)
(Caillteanas)/Barrachas roimh ús agus cháin	(504)	785
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	336	(64)
(Caillteanas)/Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	(168)	721
Cáin ar an mbarrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	–	(3)
(Caillteanas)/Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach	(168)	718

